

Scanraithe faoina bhfuil i ndán: An Gorta Mór i nDún na nGall



Children from 9 to 14 to get Soup and Bread in proportion of one pint soup and 6 oz. bread on Sundays for dinner

Children from 2 to 9 the same, only the Bread to be reduced to 5 oz. each

General Admissions, and applications for admissions were carried out decided on, as set forth in the Application and Report Book.

Aistí

an Dr Hilary McLaughlin-Stonham, Staraí Cónaithe

Cartlann agus Músaem, Comhairle Contae Dhún na nGall

Íomhá ar an gclúdach 1:

Miontuairiscí Bhord Caomhnóirí Bhaile na nGallóglach, 7 Nollaig 1846
(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

Íomhá ar an gclúdach 2:

Otharlann Fiabhras Theach na mBocht Bhaile na nGallóglach
(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

*"The potato crop in the neighbourhood is entirely lost and unless immediate
and extensive relief be afforded to the poor, the consequences will be fearful"*
John Lane, Milford / Baile na nGallóglach, 26th August 1846 / 26ú Lúnasa 1846

Unveiled by President of Ireland, Michael D. Higgins
on the occasion of the National Famine Commemoration 2023
and in memory of the victims of the Great Famine
21st May 2023

Nochtaithe ag Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUigínn
ag Comóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir 2023
i gcuimhne ar iospartaigh an Ghorta Mhóir
21ú Bealtaine 2023

An leac chuimhneacháin a coimisiúnaíodh ó Michael McGroarty, do Chomóradh
Náisiúnta an Ghorta Mhóir i mBaile na nGallóglach in 2023.

ISBN: 978-1-915111-03-6

Clár an Ábhair

Nótaí Buíochais	4
Brollach	5
Réamhrá	7
Tionchar an Ghorta Mhóir i gContae Dhún na nGall	9
Ó Bhreith go Bás: An saol le linn an Ghorta Mhóir i Leitir Ceanainn	17
An chaoi a ndearna teach na mbocht amháin i nDún na nGall iarracht dul i ngleic leis an saol le linn an Ghorta Mhóir	26
Slán agus Tús Nua: An imirce as Dún na nGall le linn an Ghorta Mhóir	35
Tuilleadh léitheoireachta	44

Nótaí Buíochais

Ba mhaith le Músaem agus Cartlann Chontae Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall, a mbuiochas a thabhairt don Dr Hilary McLaughlin-Stonham, an Staráí Cónaithe s'agáinn do Chomóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir, 2023 as a cuid taighde agus as an bhailiúchán aistí seo a chur le chéile.

Ba mhian le Comhairle Chontae Dhún na nGall agus an Dr Hilary McLaughlin-Stonham a mbuiochas a thabhairt do na heagraíochtaí seo a leanas as an tacaíocht agus as rochtain a sholáthar ar fhoinsí ar ábhar An Ghorta Mhóir: Rannan Cultúir, Comhairle Contae Dhún na nGall, Oifig na dTaifead Poiblí i dTuaisceart Éireann, Ionad Uí Mhealláin do Staidéir Imirce, Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus An Chartlann Náisiúnta.

Lena chois sin, ba mhaith le Comhairle Contae Dhún na nGall aitheantas a thabhairt don tacaíocht a fuarthas ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Brollach

Bhí sé d'onóir ag Contae Dhún na nGall Cuimhneachán Náisiúnta an Ghorta Mhór a óstáil ar an 21 Bealtaine 2023. Thug sé seo deis iontach dár gcontae aitheantas a thabhairt agus aird a tharraingt ar an méid a d'fhulaing muintir na hÉireann agus go háirithe muintir Dhún na nGall sna blianta uafásacha sin ó 1845 go dtí túis na 1850idí. Bhí Rannán Cultúr Chomhairle Contae Dhún na nGall i gceannas ar an ócáid chorraitheach náisiúnta seo a eagraíodh ar shuíomh sheanteach na mbocht i mBaile na nGallóglach, i gcomhar leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán, le hOifig na nOibreacha Poiblí agus le cúnamh ón Gharda Síochána agus ó Óglaigh na hÉireann.

Labhair an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn leis an gCuimhneachán Náisiúnta agus thug sé ómós dóibh siúd a d'fhulaing nó a cailleadh le linn an Ghorta Mhór, ar fud na hÉireann agus go háirithe i gContae Dhún na nGall. Rinne Jack Chambers, Aire Stáit sa Roinn Iompair agus sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, ionadaíocht thar ceann an Rialtais.

Bhí sé fóirsteanach gur san áit a mbíodh teach na mbocht i mBaile na nGallóglach, teach atá ina shamhailchomhartha den méid de mhuintir Dhún na nGall a fuair bás, agus a d'fhulaing cumha agus briseadh croí le linn an Ghorta Mhór, a bhí an ócáid ar siúl. Nuair a chuaigh sé go cnámh na huillinne ba mhinic nach raibh rogha ar bith eile seachas teach na mbocht ag cuid mhaith de na daoine agus na teaghlaigh a bhí beo bocht, gan dídean, agus ag fáil bháis den ocras. Ba mhinic fosta gurbh as an áit seo a chuaigh daoine ar imirce, gan filleadh go deo.

Tugann an chloch chuimhneacháin, a coimisiúnaíodh go speisialta don Chuimhneachán Náisiúnta, agus an ráiteas an-bhrónach a rinne ball de

Choiste Fóirithinte Bhaile na nGallóglach, chun cuimhne ar bhealach corraitheach na daoine a fuair bás, a chaill daoine muinteartha leo, a bhí díshealbhaithe nó arbh éigean dóibh dul ar imirce le linn bhlianta an Ghorta Mhóir.

Ba mhaith le Rannóg Cultúir Chomhairle Contae Dhún na nGall buíochas a ghlacadh leis an Dr Hilary McLaughlin-Stonham as a cuid oibre mar Staraí Cónaithe in 2023. Is as an obair sin a tháinig an leabhar seo ina bhfuil aistí léannta bunaithe ar thaighde shuntasach ar ghnéithe éagsúla den Ghorta Mór agus an chaoi a ndeachaigh sé i bhfeidhm ar Chontae Dhún na nGall. Táthar ag súil go spreagfaidh na haistí daoine gur suim leo an tréimhse ríbhrónach ach ríthábhachtach seo i stair na tíre seo againne lena staidéar féin a dhéanamh ar an nGorta Mór i nDún na nGall.



Martin Harley
Cathaoirleach,
Comhairle Contae Dhún na nGall

Réamhrá

Bhí Cuimhneachán Náisiúnta an Ghorta Mhóir 2023 i mBaile na nGallglach, Contae Dhún na nGall ar siúl san áit a mbíodh Teach na mBocht i mBaile na nGallglach. Cuireadh an leabhrán aistí seo le chéile le comóradh a dhéanamh ar an ócaid sin agus i gcuimhne orthu siúd a d'fhulaing le linn an Ghorta Mhóir agus an dream a theith ar mhaithe le saol nua a dhéanamh dóibh féin thar lear. Thug an ócaid deiseanna úra dúinn le staidéar a dhéanamh ar an nGorta Mór i nDún na nGall agus ar an tionchar a bhí aige ar shaol mhuintir na háite ó bhrefh go bás.

Bhain an leabhar aistí seo leas as na cuntais fhisiciúla agus na cuntais ar líne a bhaineann leis an tréimhse agus atá ar fáil i gCartlann Chontae Dhún na nGall. In éineacht le foinsí as Cartlann Náisiúnta na hÉireann, Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann, Ionad Mellon um Staidéar Imirce, nuachtáin agus foinsí eile, tugtar scéal an Ghorta Mhóir chugainn trí shúile na daoine a chuaigh tríd agus a choinnigh cuntas air.

Sa chéad aiste, caitear súil ar thuis an Ghorta ar fud Dhún na nGall agus diríonn na haistí ina dhiaidh sin ar théamaí an tsaoil agus an bháis i mbaile mór, ar an saol a bhí ag daoine i dteach na mbocht sa cheantar agus acu siúd a chuaigh ar imirce. San aiste atá ag diríú ar Leitir Ceanainn tugtar léargas ar an saol mar a bhí sé in aon bhaile mhór amháin agus na bealaí a ndeachaigh daoine i ngleic leis an tubaiste, agus iad ag athrú a ngnáth nósanna lae in uair na cinniúna. Baineadh úsáid as foinsí ar nós litreacha ó Choimisiún Fóirithinte an Ghorta Mhóir, miontuairiscí ó chruinnithe Bhord Caomhnóirí Leitir Ceanainn (Teach na mBocht) chomh maith le scríbhneoirí taistil a bhí sa cheantar ag an am. Léirítear san aiste ar Theach na mBocht

Inis Eoghain an chaoi a ndeachaigh teach na mbocht amháin i ngleic le cúrsaí le linn an Ghorta mhóir agus an bealach ar deireadh thiart a raibh tionchar aige seo ar shaol na ndaoine a bhí istigh i dteach na mbocht. Úsáidtear foinsí ar nós dialanna, cláir agus miontuairiscí ó Theach na mBocht in éineacht le tuarascálacha as nuachtáin le léargas a thabhairt ar an gcothromaíocht chasta ó thaobh riachtanais agus córais a ceapadh a bheith riachtanach le linn dhrochshaol an Ghorta Mhóir. Baineann an aiste dheireanach úsáid as cláir long, teachtaireachtaí a sheol Coimisinéirí Eisimirce chuig na hOifigí Coilíneacha agus litreacha a scríobh imircigh iad féin ar mhaithle le léargas a thabhairt ar na contúirtí agus ar na deiseanna a bhain leis an imirce as Dún na nGall.

Táthar ag súil go gcuirfidh na haistí daoine ar an eolas faoin leanúnach foinsí eolais atá againn faoin Ghorta Mór ar féidir staidéar a dhéanamh orthu i gCartlann Chontae Dhún na nGall agus i gcuid mhaith cartlanna, leabharlanna agus músaem eile ar fud na tíre.



Dr Hilary McLaughlin- Stonham
Staraí Cónaithe, Cartlann agus
Músaem, Comhairle Contae Dhún
na nGall

Tionchar an Ghorta Mhóir i gContae Dhún na nGall

Tarlú tubaisteach a bhí sa Ghorta Mór a tharla idir 1845 agus 1851 agus goilleann sé ar Éireannaigh fiú sa lá atá inniu ann. I nDún na nGall, maireann an Gorta in intinn an phobail áitiúil, ní féidir an smál a d'fhág an Gorta ar an gContae a sheachaint, tá an tírdhreach breac le reiligí ó aimsir an Ghorta. Bhí tionchar forleathan ag an nGorta ar Dhún na nGall, caill an contae daichead míle duine de barr go bhfuair siad bás nó go ndeachaigh siad ar imirce.¹ Chonacthas na héifeachtaí



Teach Brachán, Carn Domhnach. Dáileadh min Indiach ann.
(lomha: Hilary McLaughlin-Stonham)

láithreach bonn. Teaghlaigh le feirmeoírí beaga agus lucht oibre í a bhí sa chuid ba mhó de dhaonra an chontae. Mar thionóntaí a mhair ar an mbarra prátaí bliain i ndiaidh bliana chonaic cliseadh a bpobail. Ní raibh an daonra in ann feidhmiú nuair a theip ar na prátaí mar gheall ar an mbás agus ar an mbochtanas agus ní raibh i ndán do chuid mhaith daoine ach bás a fháil den ocras, nó faoiseamh a fháil i dTeach na mBocht.

1 An Roinn Tionscail agus Tráchtála, *Population of Saorstát Éireann from 1821 to 1936* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair: 1938), 6.

Bhí daonra de bheagnach 300,000 i nDún na nGall ag túis an Ghorta Mhóir, agus bhí na daoine ag braith go mór ar a saothar talmhaíochta féin. Ba mhó mná ná fir a bhí sa tsochaí seo ina raibh an chuid is mó de na daoine ag cur futhú faoin tuath, cé go raibh leibhéal litearthachta níos airde ag na fir go ginearálta, rud a léiríonn go mbíodh na cailíní coinnithe sa bhaile ón scoil go minic.² Ar an mórgóir, léiríonn líon na dtithe i ngach ceantar líon na dteaghlaach a bhí ina gcónai sa chontae, cé gur go raibh breis agus 2500 teaghlaach ag roinnt lena muintir nó ag fáil dídean ar bhealach éigin eile.³ Thug na háiritheoirí daonáirimh grád do na tithe in 1841, ó ghrád a haon, a bhí saibhir, go dtí grád a ceathair, a bhí bocht. I gcás na dtithe sa ghrád ba bhoichte, ballaí láibe a bhí iontu, ‘gan ach seomra agus fuinneog amháin iontu’.⁴ Bhí an chuid ba mhó de na teaghlaigh sa Chontae ina gcónai sna tithe beaga dúchasacha seo agus bhí dhá theaghlaach, agus fiú trí theaghlaach i gceantair áirithe, ina gcónai sna céadta teachín den tríú grád, a bhí ní ba mhó.⁵ Rinne daoine a thug cuairt ar Dhún na nGall cur síos ar na tithe seo mar “bhotháin gharbha de chlocha scaoilte nó móin” agus de réir mar a chaigh an Gorta in olcas, cuireadh síos ar na tithe mar “áiteanna cónaithe dorcha, lán le deatach, gan urláir”.⁶ Tuairiscíodh go raibh feirmeoirí beaga i Srath an Urláir, a raibh cúpla acra acu, ina gcónai i “gcróite gránna faoi chruatan...go minic gan fhuinneog ná simléir”.⁷ Dúradh go raibh leath de dhaonra Dhún na nGall ag braith go hiomlán ar a mbarr prátaí sular tháinig an Gorta agus go mbíodh min choirce in éineacht leis na prátaí acu siúd a bhí níos fearr as.⁸ Fiú sular thosaigh an Gorta, bhíodh ganntanas ann i míonna an tsamhraidh nuair a bhí an seanbharr bainte

2 296448 duine a bhí i gceist i nDún na nGall. Féach: Coimisinéirí Daonáirimh na hÉireann. *Irish Census report 1841* (Baile Átha Cliath: Alexander Thom:1843), 306-314.

3 Ibid.

4 Robert E. Matheson, “The housing of the people of Ireland during the period 1841-1901” *Journal of the Statistical and Social Inquiry Society of Ireland* 11, uimhir 83 (1902/1903): 197.

5 Na Coimisinéirí, *Tuarascáil Dhaonáireamh na hÉireann* 1841, 312-313.

6 Asenath H. Nicholson, *Annals of the Famine in Ireland, in 1847, 1848, and 1849* (French: Nua Eabhrach, 1851) 85, 102.

7 Cumann na gCarad, *Transactions of the Central Relief Committee of the Society of Friends During the Famine in Ireland 1846 and 1847* (Hodges and Smith: Baile Átha Cliath, 1852) 147,148.

8 Ibid. 147.

ach an barr nua fós le baint.⁹ Mar thoradh air sin nuair a loic na prátaí bhí tionchar aige láithreach bonn.



Léaráid ó "Pictorial Times", 22 Lúnasa, 1846 ina dtaispeántar teaghlaach taobh amuigh dá dteachín, iad bailithe timpeall ar charnán prátaí millte.


(Le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)

Chomh luath le Nollaig na bliana 1846, bhí feirmeoirí beaga Dhún Fionnachaidh ag malartú agus ag díol a gcuid muc, éadaí leapa, éanlainthe agus líonta chun bia a cheannach, cé nár sheas an bia i bhfad. Dúradh go raibh teaghlaigh ag maireachtáil ar bhéile amháin in aghaidh an lae ina raibh cabáiste nó anraith feamainne agus ní raibh ach brachán lom uisciúil tanaí déanta as min choirce san aiste bia ag daoine eile. Ní raibh fáil ar thionscadal oibreacha poiblí in go leor ceantar, rud a chuirfeadh ar chumas na ndaoine bia a cheannach.¹⁰ Cuireadh túis le scéimeanna oibreacha poiblí an Rialtais ar bhóithre agus ar obair fheabhsúcháin in 1846 ach ní raibh na tionscadail ar fáil ach anseo agus ansiúd. Bhunaigh carthanais ar nós Cumann na

9 Annual Report of the Commissioners for Administering the Laws for Relief of the Poor in Ireland (Alexander Thom: Baile Átha Cliath, 1843) 58.

10 Cumann na gCarad, *Transactions*, 148.

gCairde agus bailitheóirí airgid i Meiriceá tionscadail faoisimh oibre. Cuireadh iasachtaí ar fáil chomh maith, cosúil leo siúd a tugadh do tháirgeoir Ceilpe de chuid an Chlocháin Léith chun fostáiocht a chur ar fáil do na daoine bochta. Theip ar an tionscnamh seo laistigh de bhliain agus in 1847 níor tugadh mórán den airgead ar ais. Ní raibh aon seasmhacht, ar an mórgóir, ag baint leis an tacaíocht a thug na tiarnaí talún do na tionóntaí i gcontae Dhún na nGall. Ar chuid de na heastát gur le tiarnaí talún neamhchónaitheacha iad, in iarhar an Chontae, chonacthas tionóntaí ag fáil bháis den ocras.¹¹ San Iarthuaisceart, rinne Coiste Faoisimh Chúil Dabhcha gearán sa bhliain 1847 nach raibh mórán d'uasalaicme an cheantair ábalta “faoiseamh a thabhairt don daonra a bhí ag fáil bháis den ocras agus a bhí ag dul i méid in aghaidh an lae”. Fostaíodh 136 duine ar oibreacha poiblí nuair a theastaigh breis agus 2,000 post.¹²



Lines Composed Among the Mountains of Donegal on the Scourge, Man of War
 Being Placed By Government At the Disposal of the Society of Friends. S.l.: Lemonts
 lithographers, 1847.

(Le caoinhead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)

11 Ibid. 147.

12 Brook Young, Litir, *Famine Relief Commission: Incoming Letters*, 22 Feabhra 1847.

Ag túis an Ghorta Mhóir, bhíothas ag glacadh le riaráistí cíosa ar eastáit mhóra áirithe, rud nach raibh ag tarlú chomh minic céanna faoi 1851-2. Ar eastát Stewart Murray in iardheisceart Dhún na nGall,ní raibh cíos na bliana 1846 á íoc achanois agus arís agus bhí céatadán níos airde de na tionónaí tar éis titim i riaráistí. I bparóistí laistigh de na Cealla Beaga, mar gheall ar an mbrú a bhí ar dhaoine cíos a íoc agus na fiacha trom a bhain leis na riaráistí, “theith” cuid de na tionónataí agus ‘cailleadh’ na riaráistí. Cailleadh cíosanna freisin nuair a bhí tionónaí ina “mbochtáin san Aontas” nó nuair a chuaigh siad ar imirce.¹³ Bhí teaghlaigh Kildea, a bhí chun deiridh leis an gcíos sa bhliaín 1846, fós le feiceáil ar thaifid chíosa in 1851-2 agus in ainneoin fiacha bheith orthu, d'éirigh leo a dtionóntacht a choinneáil ar feadh an Ghorta Mhóir. Faoi na 1850idí bhí an cíos á íoc níos tráthrialta. Tá cuntais ann faoi dhaoine a bheith curtha as seilbh agus bhí tionónaí fós ag dul ar imirce go Meiriceá agus ag fágáil fiacha ina ndiaidh.¹⁴ Tugann an frásá ‘riaráistí a cailleadh’ le tuiscint go raibh an tiarna talún agus an tionónaí araon den tuairim gur rud buan a bhí san imirce, agus gur bealach éalaithe a bhí ann ó na cistineacha anraith nó ó theach na mbocht.

Tógadh tithe na mbocht mar thoradh ar Acht um Fhóirthiúint na mBocht 1838 i gceantair ar tugadh ‘Aontais’ orthu. Idir 1843 agus 1846, osclaíodh Tithe na mBocht i mBaile Dhún na nGall, sna Gleannnta, Srath an Urláir, Dún Fionnachaidh, Inis Eoghain, Leitir Ceanainn, Béal Átha Seanaidh agus Baile na nGallóglach. Le maoiniú ó Ráta na mBocht, thug na hAontais tacáiocht do thithe na mbocht agus de réir mar a chuaigh an Gorta in olcas, chuidigh siad leis an bhfóirthiúint lasmuigh i bhfoirm cistineacha anraith. Tógadh Tithe na mBocht le haghaidh idir 400 agus 600 duine bocht, ach bhí i bhfad ní ba mhó ná sin iontu nuair a fuair an ganntanas bia agus gan daoine a bheith ábalta min nó grán a cheannach, an ceann is fearr ar na daoine.

¹³ The Trustees of Horatio Granville Stewart Esq. 1846, *Murray Stewart South Donegal estate survey and rentals, 1749, 1846 – 1905*

¹⁴ Notá: Litrítear Kildea mar Gildea faoin mbliain 1852 sna taifid cíosa; Murray Scarborough Glacadóirí 7ú Leabhar Cuntais, 1852, *Murray Stewart Collection*. 3, 5, 7, 16, 21, 22, 26, 48.

Maidir le hinstitiúidí móra sna Gleantá agus i mBéal Átha Seanaidh, tuairiscíodh in 1846 go raibh “drochbhail orthu; go deimhin bhí na daoine leathghléasta agus leathmharbh leis an ocras.”¹⁵

I dtithe ní ba lú, mar shampla Baile na nGallóglach, a d’fhéadfadh lóistín a thabhairt do 400 duine bocht, bhí brú ar na hacmhainní freisin agus cuireadh drochbhail ar an áit. Nuair a osclaíodh é sa bhliain 1846 is iad na bianna a ordaíodh do na háitritheoirí ná min choirce, arán, prátaí, bainne milis, agus bláthach. Mar sin féin, ní dhearna na daoine bochta aon ghearán, seachas gearán mar gheall ar an easpa tobac.¹⁶ Faoin mbliain 1847 bhí gearáin á ndéanamh faoi easpa soláthairtí agus dúradh gur caitheadh ‘go dona’ le cónaitheoirí ach rinneadh beag is fiú díobh seo agus é ráite gur “ghearáin gan tábhacht” a bhí iontu. Agus an Gorta Mór ag dul in olcas in 1847, cuireadh in iúl go raibh Teach na mBocht “míshlachtmhar ar gach bealach” agus go raibh na héadaí a tugadh do na daoine bochta “ag titim as a chéile”.¹⁷ I mí Aibreáin na bliana 1847 bhí Bord na gCaomhnóirí ag smaoineamh ar gan a ligean isteach ach an méid daoine bochta a bhí ceaptha a bheith san fhoirgneamh ó thuis. Mar sin féin, faoi mhí Bealtaine rinne siad cur síos ar an mbrú a bhí ar Theach na mBocht “ina bhfuil caoga duine níos mó ná an líon a bhí beartaíodh dó ar dtús...”.¹⁸ In dhá ionchoisne a bhain le daoine a fuair bás i dTeach na mBocht i mBaile na nGallóglach an bhliain sin dúradh go bhfuair siad bás de bharr ganntanais.¹⁹ Rinne go leor daoine ó cheantar Bhaile na nGallóglach iarratas ar fhóirithint lasmuigh mar gheall ar ráigeanna fiabhras, dinnireachta agus an bhruitíneach, fiú, chomh maith le go raibh teaghlaigh scártha ó chéile sna bardaí. I mí Aibreáin 1848 bhí líon na ndaoine a ndearnadh fóirithint orthu lasmuigh i mBaile na nGallóglach i bhfad níos airde ná líon na ndaoine a bhí i dTeach na mBocht, ait a raibh spás le haghaidh

15 Cumann na gCarad, *Transactions*, 150.

16 Bord Caomhnóirí Bhaile na nGallóglach (1847), *Report of Visiting Committee 1846-1912*, 2-4.; Bord Caomhnóirí Bhaile na nGallóglach (1848), *Miontuairiscí 1840-1923*, 399.

17 Bord na gCaomhnóirí (1847), *Report of Visiting*, 6,10.

18 Bord Caomhnóirí Bhaile na nGallóglach (1848), *Miontuairiscí 1840-1923*, 117, 150.

19 *Annual Report of the Commissioners for Administrating the Laws for Relief of the Poor in Ireland* (Alexander Thom: Baile Átha Cliath, 1848) 214.

tuilleadh daoine.²⁰ D'aithin Coimisinéirí Thithe na mBocht an drogall a bhí ar go leor daoine dul isteach i dTeach na mBocht ach rinne siad neamhaird den drochbhail a bhí ar na Tithe, agus dúirt siad gur mhór 'an náire' é go raibh daoine ag fáil bháis den ocras in ionad dul isteach i dTeach na mBocht.²¹ Sa bhliain 1849 rinne Mary Coll iarratas ar phas di féin agus do bheirt dá ceathrar páistí le mbeadh sí ábalta cuairt a thabhairt ar a teach chun a fháil amach an bhféadfaidís dul ag cónaí ann.²² Ligfí isteach arís iad sa chás nach mbeadh an teach fóirsteanach mar áit chónaithe.

Nuair a chaill daoine a dtionóntachtaí agus a dtithe bhí an-tionchar aige ar an daonra. Tháinig ardú idir 1841 agus 1851 ar líon na bhfear agus na mban gan pósadh a bhí os cionn daichead, patrún a leanfadh go maith isteach sa chéad aois eile i gceantair tuaithe agus a mbeadh tionchar aige ar an imirce.²³

Roimh na nGorta, mheas Coimisinéirí Dhílí na mBocht go raibh tairbhe ag baint leis an imirce, go háirithe i gcás príosúnaigh ban a bheadh ina gcailíní aimsire agus ina mná céile.²⁴ De réir mar a chuaigh an Gorta in olcas roghnaíodh cailíní a bhí ina ndílleachtaí ó Thithe na mBocht do scéimeanna imirce a d'urraigh an Rialtas faoi cheannas Rúnaí Stáit na gCoilíneachtaí, an tIarla Grey.²⁵ Tháinig Sally Gillon as baile Dhún na nGall go Melbourne ar an *Lady Kennaway* agus í cúig bliana déag sa bhliain 1848 agus d'oibrigh sí mar bhanaltra. Bhí Aontas Dhún na nGall tar éis 12 scillinge a thabhairt di le haghaidh clóca agus bhí siad ag súil go n-aisíofadh sí an t-airgead. D'imigh Catherine Baird as Leitir Ceanainn ar an *Lady Kennaway* freisin agus í ceithre bliana déag agus fostaíodh í mar chailín aimsire. Phós sí maor loinge ina dhiaidh sin i Bendigo sa bhliain 1872 agus tháinig a neacht chuici as Dhún

²⁰ Ibid.

²¹ Ibid. 17.

²² Bord Caomhnóirí Bhaile na nGallóglach (1849), *Miontuairiscí 1840-1923*, 26.

²³ J.P Kent, "On the Decline of Marriage in Rural Ireland 1851-1911: The Role of Ecological Constraints and/or Developing Philopatry" *Population and Environment* 23, uimhir 6 (2002): 525-40.

²⁴ *Tuarascáil Bhliantúil na gCoimisinéirí* 1843, 60.

²⁵ *Tuarascáil Bhliantúil na gCoimisinéirí* 1848, 150-156.

na nGall sa bhliain 1865.²⁶ Is minic a chuaigh teaghlaigh iomlána ar imirce, agus bhí rátaí arda báis ar na longa imirce mar gheall ar an drochbhail a bhí ar na himircigh agus ar na longa araon. Rinneadh taifead ar imircigh as Dhún na nGall ar nós Eliza Farren, Andrew Elliot agus James Johnson a fuair bás in Grosse Ile, Ceanada, agus iad ag fanacht leis an long dul trí choraintín. Chuaigh imircigh eile go Meiriceá agus Ceanada agus an drochbhail chéanna orthu, cosúil leo siúd a thaisteal le cuideachta loingseoireachta *McCorkell* agus *J & J Cooke* as Doire. Níor éirigh le daoine eile dul níos faide ná an Bhreatain fiú, agus in amanna bhí teach na mbocht i Learpholl de mhalairt ar theach na mbocht i nDún na nGall agus daoine ag fáil bháis laethanta tar éis dóibh dul isteach ann.²⁷

Sa bhliain 1851, agus na barraí prátaí ag feabhsú, d'imirigh 4,865 duine ar imirce as Dún na nGall.²⁸ Tugann taithí na bhfeirmeoirí beaga, na gcónaitheoirí i dTithe na mBocht, chomh maith le taithí na n-imirceach féin, léargas ar thionchar an Ghorta Mhóir ar Dhún na nGall. Bhí ar go leor daoine aghaidh a thabhairt ar Theach na mBocht, nach raibh i bhfad tógha ag an am, de bharr gur chaill siad a dtithe, go raibh fiacha cíosa ollmhóra orthu agus go raibh siad beo bocht agus leagfaí síos patrún don imirce a leanfadh ar aghaidh isteach sa chéad aois eile.

26 Cuimhneachán an Ghorta Mhóir Sydney. *Orphan Data Base*.

27 Liverpool Workhouse Admissions, Samhain 1846–Márta 1848. Oifig na dTaifead Learpholl: 5 Bealtaine, 1847.

28 Sean Beattie, Donegal in Transition: *The Impact of the Congested District Boards*, (Irish Academic Press: Cill Dara, 2013) 55.

Ó Bhreith go Bás: An saol le linn an Ghorta Mhóir i Leitir Ceanainn

Nuair a chlis ar na barra prátaí i mbailte fearainn ar fud Dhún na nGall, bhí leor teaghlaigh a d'fhulaing go mór de bharr bochtanais agus cruatain tar éis 1845. Bhain an cás céanna le Leitir Ceanainn, an baile ba mhó sa chontae. Taobh istigh den bhaile, bhí fir, mná agus páistí ag úsáid theach na mbocht, na fóirithinte a bhí ar fáil taobh amuigh, chomh maith leis an imirce le faoiseamh a fháil ón ocras. B'íad na mná de ghnáth ba mhó a bhí i gcontúirt agus fágadh páistí beo bocht gan aon chosaint agus d'fhulaing siad de bharr na dolúbthachta a bhain go minic leis an bhfóirithint ón rialtas. Bhí daoine eile fós ann a fuair obair údarásach ag déanamh maoirseacht ar an ngéarchéim, de bharr go raibh poist arda acu go sóisialta agus go heacnamaíoch roimh an Ghorta. D'fhág sé seo raibh an tionchar céanna ag an Ghorta Mór acu. Léiríonn na tarluithe seo na heispéisírs phearsanta a d'fhág pobal an bhaile sna dálaí dúshlánacha saoil a bhí i Leitir Ceanainn idir 1845 agus 1851.

De réir na dtáifead sa bhliain 1841, baile 66 acra a bhí i Leitir Ceanainn i mBarúntacht Chill Mhic Réanáin agus daonra 2161¹ duine ann. Roinneadh Aontas Dhlí na mBocht Leitir Ceanainn ina 14 thoghroinn agus bhí teach na mbocht suite sa bhaile. 20 teach den chéad scoth a bhí sa bhaile agus ní raibh an oiread céanna in aon limistéar eile sa bharúntacht. Bhí cothromaíocht idir an méid tithe

1 Murab ionann agus ceantair eile i nDún na nGall ina raibh an daonra ag dul i méid, bhí laghdú tagtha le cúpla céad bliain ar dhaonra Leitir Ceanainn ach bhí laghdú seasta tagtha air ó 1831. Bhí acadóirí éagsúla in amhras faoin 'luach' a bhaín leis na taifid daonáirimh in 1821 agus in 1831. Féach: Cormac Ó Gráda, "The Population of Ireland 1700-1900: A Survey", *Annales de Démographie Historique*, (1979): 282-283.

bochta a bhí ann agus na tithe a bhí ag daoine a bhí go maith as, rud a léiríonn gur baile roinnte ina dhá leath a bhí ann, idir na bochtáin agus na daoine saibhre.² Tá sé seo soiléir ó na slite beatha a bhí ag na daoine a bhí ina gcónaí istigh sa bhaile, áit a raibh níos mó ná a dhá oiread daoine ag plé le hobair dhéantúsaíochta agus leis na ceirdeanna, ar nós bia agus éadaí ná mar a bhí ag obair san fheirmeoireacht.³ Bhí beairic de chuid Chonstáblach na hÉireann ann fosta, teach cúirte, príosún, scoil náisiúnta agus ospidéal beag fiabhrasí.⁴

I ndeireadh na 1830idí dúirt cuairteoirí go raibh an Ghaeilge le cloisteáil go forleathan i measc na mbochtán a bhailigh le chéile ar an mbaile le deirce i bhfoirm mine agus prátaí a fháil ó na daoine saibhre. Thugadh tiarnaí talún de chuid na háite ceachtanna scrioptúir do pháistí ar an Domhnach ina dtithe féin do thionóntaí agus do Chaitlicigh Rómhánacha. Bhíodh freastal maith ar na heaglaisí Anglacánacha agus ar chuid de na heaglaisí Preispitéireacha ar an mbaile. Ní raibh i mbaile Leitir Ceannainn ag an am ach sráid fhada amháin, lán le ceannaithe éadaí olla, agus siopaí biotáille agus grósáera a rinne freastal ar an gcuid thoir agus thuaidh ar fad de Dhún na nGall. I measc na n-onnmhairí bhí arbhar, línéadach agus líon a d'fhás sna ceantair mórrhimpeall.⁵

Sa bhliain 1845, bunaithe ar na tuairisci a tháinig i dtosach ó na cigirí ní raibh dea-bhail ar an mbarr prátaí, “... i gceantar Leitir Ceannainn ar fad, tá go leor caillte, is deacair a rá faoi láthair cé chomh dona agus atá sé.”⁶ Mar sin féin, bhí an Margadh Mór ar siúl ar an mbaile gach

- 2 Coimisinéirí Daonáirimh na hÉireann. *Tuarascáil Dhaonáireamh na hÉireann 1841* (Baile Átha Cliath: Alexander Thom, 1843), 306-307; Robert E. Matheson, “The housing of the people of Ireland during the period 1841-1901” *Journal of the Statistical and Social Inquiry Society of Ireland* 11, no. 83 (1902/1903): 197.
- 3 Irish Census Commissioners. *Irish Census report 1841* (Baile Átha Cliath: Alexander Thom, 1843), 306-307.
- 4 Samuel Lewis, *A Topographical Dictionary of Ireland* (Londain: Lewis & Co., 1837), 258.
- 5 Charlotte Elizabeth. *Letters from Ireland MDCCCXXXVII* (Nua-Eabhrac: John S. Taylor, 1843), 312-314.; Canon Maguire, *Letterkenny Past and Present* (Leitir Ceannainn: An Sean-Seimineár, 1917), 1-38; Henry D. Inglis, *A Journey Throughout Ireland during the Spring, Summer, and Autumn of 1834* (Londain: Whittaker & Co., 1838) 306-307.
- 6 Charles Hayden, Letter, *Famine Relief Commission, 25 Deireadh Fómhair 1845*.

Aoine an Chéasta.⁷ Bhí meascán de dhaoine ina gcónaí ar an mbaile le linn an Ghorta, go háirithe ar an bPríomhshráid, áit a raibh tithe beaga agus oifigí iontu a raibh luacháil trí phunt orthu agus tithe ar leis na ceannaithe móra gráin iad, ar nós Matthew Wilson, a raibh luacháil ocht bpunt déag orthu. Le nach mbeadh caillteanas aige le linn an Ghorta, chuaigh Wilson i dteaghmáil leis an gCoimisiún Faoisimh in 1846 lena fháil amach an rabhthas le costas an ghráin a íslíú sa cheantar ionas go bhféadfadh sé an t-arbhar Indiach a bhí iompórtáilte aige díreach roimhe sin, agus a bhí ceaptha dul chuig margadh Leitir Ceanainn, a chur go dtí ceantair eile.⁸ Níorbh é Wilson an t-aon duine a rinne neamhshuim de na daoine bochta. Cé gur gceaptar gur thaitin an tiarna talún a bhí ina chónaí ar an mbaile, an Tiarna Southwell, leis na daoine, bhí tiarnaí talún eile nár thaitin leo. Seo iad tiarnaí talún a d'fhág a dtionónτaí beo bocht gan acu ach prátaí agus bainne mar bheatha nuair a tharla an Gorta. Ní bhíodh gníomhairí na dtiarnaí talún ar an láthair ach an oiread, agus ní fheictí iad sa chomharsanacht ach amháin nuair a bhí na cíosanna arda le bailiú.⁹ D'fhéadfáí cur leis an airgead don chíos ach iasachta a fháil agus thug cuntais Chiste Iasachta Leitir Ceanainn sna 1840idí le fios go raibh “níos mó ná aon iasachta amháin ag gach teaghlach, nó iasachta amháin in aghaidh gach cúigear den daonra”. Ba é an toradh a bhí ar an bhfiachas ná go ndearna Cumann an Chiste Iasachta iarratas ar 107 toghairm agus 89 barántas le beagnach £200 a fháil ar ais.¹⁰

7 “Wanted”, *Londonderry Journal* 21 lúil 1840: 3.; “Fairs in Ulster for the Current Week,” *Londonderry Journal*, 10 Aibreán 1838: 3.

8 Leabhar Allamuiugh Oifig Luachála na hÉireann 4. Dhún na nGall; Matthew Wilson, Litir, *Coimisiún Fóirthiúinte an Ghorta Mhóir*, 16 Meán Fómhair 1846.

9 Henry D. Inglis, *A Journey Throughout Ireland during the Spring, Summer, and Autumn of 1834* (Londain: Whittaker & Co., 1838) 306-307.

10 Thomas Campbell Foster, *Letters on the Condition of the People of Ireland* (Londain: Chapman & Hall, 1846), 309, 312.



Músaem Chontae Dhún na nGall, Teach na mbocht Leitir Ceanainn a bhíodh ann.

Iomhá: Músaem Chontae Dún na nGall

Bliain a bhí teach na mbocht i Leitir Ceanainn oscailte nuair a thosaigh an Gorta agus bhí áit ann le haghaidh 500 duine. Faoi Lúnasa 1846 ba léir go raibh rian éigin den ghalar ar an mbarr prátaí i ngach toghroinn i Leitir Ceanainn agus tháinig ardú suntasach ar an méid daoine a bhí i dteach na mbocht. Ba iad na mná a bhí torrach, na páistí agus na seandaoine ba mhó a bhí i gcontúirt le linn an Ghorta agus páistí faoi bhun deich mbliana d'aois ab ea 24% de na daoine a fuair bás.¹¹ I rith na bliana 1846 ligeadh 300 duine isteach i dTeach na mBocht i Leitir Ceanainn nó is ann a rugadh iad, bhí 124 duine eile a scaoileadh amach nó a fuair bás.¹² Thug cuairteoirí a bhí ag taisteal trí Leitir Ceanainn in 1847 faoi deara a laghad páistí a bhí le feiceáil agus bhí páistí de gach

11 Patricia Lysaght "Perspectives on Women during the Great Irish Famine from the Oral Tradition", *Béaloideas* 64/65 (1996): 98.

12 *Tuarascáil Bhliantúil na gCoimisiúnírí chun na Dlíthe um Fhaoiseamh na mBocht in Éirinn a Riar* (Alexander Thom: Baile Átha Cliath, 1847) 182. Léiríonn uimhreacha na hÉireann ina n-iomláine go raibh i bhfad níos mó mná agus páistí ná fir i dtithe na mbocht. Féach: *Tuarascáil Bhliantúil na gCoimisiúnírí um Riarachán na nDlíthe um Fhaoiseamh na mBocht in Éirinn* (Alexander Thom: Baile Átha Cliath, 1850) 110.

aois i mbaol mar gheall ar an mbochtaineacht agus easpa cúraim.¹³ Mhol James Marshall, caomhnóir a bhí tofa thar ceann an Aontais, nach ligfí aon leanáí, bídís tréigthe nó ná bíodh, isteach i dteach na mbocht go dtí go bhféadfaí ainmneacha a dtuismitheoirí a fháil amach ón toghroinn. Idir an dá linn níor cuireadh aon mholadh eile chun cinn a bhain le haire a thabhairt dóibh.¹⁴ Mar sin féin, mí ina dhiaidh sin ligeadh isteach páistí a rabhthas imníoch ina dtaobh, nuair a mhol an Ministir Preispitéireach, Moses Houston, go ndéanfaí amhlaidh. Bhí athair mhuintir Fadden, Neil, tar éis bháis agus a máthair ‘díomhaoin’ leis an bhfiabhras. Ar fhaitíos go dtabharfaidís an fiabhras isteach go teach na mbocht, d'aontaigh an Bord iad a ligean isteach san ospidéal fiabhras. Ar ámharaí an tsaoil, thug dochtúir Theach na mBocht le fios go raibh siad ina sláinte, rud a d’fhág nach raibh na páistí curtha sa chás go raibh siad trína chéile ag amharc ar dhaoine a bhí tinn, a bhí ag fáil bháis agus a raibh fiabhras orthu.¹⁵ Tháinig páiste amháin ar an saol gach seachtain idir mí na Bealtaine agus mí an Mheithimh sa bhliain 1847, nuair a bhí i bhfad níos mó daoine i dteach na mbocht ná mar ba cheart agus idir ceathrar agus seisear ag fáil bháis in aghaidh na seachtaine. Aisteach go leor tugann na taifid le fios go raibh cuid mhaith os cionn bliain caite sular rugadh aon pháiste eile.¹⁶ Bhí an t-oras fol lasach taobh istigh de theach na mbocht féin, agus gearradh pionós ar dhaoine bochta ar nós Nancy Doherty, de bharr min ‘a ghoid’ nuair a bhí siad san ospidéal fiabhras.¹⁷

Taobh amuigh de theach na mbocht, rinne an séiplíneach áitiúil George Prior gearán faoin easpa comhoibrithe a bhí idir ceannairí na gcreideamh éagsúil, agus é ag tagairt go háirithe don sagart paróiste. D'iarr sé cuidiú Choimisiúin Fóirithinte ar son ar a laghad 215

13 Asenath H. Nicholson, *Annals of the Famine in Ireland, in 1847, 1848, and 1849* (French: Nua-Eabhrac, 1851) 84.

14 *Miontuairiscí Bhord Caomhnóirí Leitir Ceanainn* 1841-1846, 421.

15 Ibid. 425, 431.

16 Tar éis an 14 Bealtaine 1847, thosaigh na taifid ag déanamh idirdhealú idir na daoine a ligeadh isteach i dteach na mbocht agus na daoine a rugadh ann; *Miontuairiscí Bhord Caomhnóirí Leitir Ceanainn, 1847-1848*, 97-205.

17 *Miontuairiscí Bhord Caomhnóirí Leitir Ceanainn, 1847-1848*, 94.

teaghlaigh a bhí i gcrúachás agus a bhain “le gach creideamh”.¹⁸ Thug siad siúd ag bhíodh ag coinneáil súil ar shagairt an cheantair faoi deara go raibh cuid de na sagairt féin an-bhoccht agus cé go raibh sagairt a fuair bás agus iad ag obair i measc na ndaoine a bhí ocrach, bhí cuid eile fós a sheas siar “gan faic a dhéanamh”.¹⁹ Ní raibh ord ná eagarr ar na Coistí Fóirithinte agus iarradh go gcuirfí tú láithreach le Tionscadail de chuid Bhord na nOibreacha, a raibh géarghá leo i Leitir Ceanainn.²⁰ Faoin bhliain 1847 bhí an fiabhras ag réabhadh tríd an cheantar. Thosaigh teach na mbocht ag tógáil botháin shealadacha chun freastal ar 40 othar breise a raibh fiabhras orthu ach níorbh fhada go raibh siad seo lán go doras.²¹ Bunaíodh Coiste Faoisimh Leitir Ceanainn an bhliain chéanna agus thug tiarnaí talún áitiúla, ar nós John Stewart as Cnoc na Carraige a bhronn £20 síntiús. Bhí John Stewart ina Chathaoirleach ar an gcoiste chomh maith.²² Ceannaíodh tobán 30 galún chomh maith le buicéid don ‘stirabout’ ina raibh rís, min Indiach, min phise agus uisce. Tugadh amach ticéid le haghaidh ciondálachacha le go bhféadfáí 341 duine ar a laghad a bheathú in aghaidh an lae.²³ Sa bhliain 1848, chuir dúnmarú an dochtúra áitiúil isteach ar lá an Mhargaidh Mhóir i ‘mbaile síochánta Leitir Ceanainn’. Deirtear gurb iad na Ribbonmen a bhí ciontach, agus rinneadh ionsaithe eile ina dhiaidh sin ar thiarnaí talún sa chontae.²⁴ Mar sin féin, tá cuntas dearfach tugtha in amanna ar an gcaidreamh a bhí idir na húinéirí talún agus na tionóntaí in Aontas Leitir Ceanainn, ‘...in Aontas Leitir Ceanainn, tugadh cuidiú do na boicht le linn an Ghorta mhóir in 1847, nuair a chuidigh Daoine Uaisle

18 George Prior, Litir, *Famine Relief Commission: Incoming Letters*, 5 Lúnasa 1846.

19 Asenath H. Nicholson, *Annals of the Famine in Ireland, in 1847, 1848, and 1849* (French: Nua-Eabhrac, 1851) 84.

20 J. C. Walker, Letter, *Famine Relief Commission: Incoming Letters*, 15 Deireadh Fómhair 1846.

21 “Letterkenny Union”, *Londonderry Sentinel*, 6 Eanáir 1849:2.

22 “Distress in Ramelton, Letterkenny,” *Londonderry Sentinel*, 19 Nollaig 1846: 2.

23 Coiste Faoisimh Leitir Ceanainn, *Relief Committee Minutes and Rough Minutes Book*, 25 Márt 1847-10 Lúnasa 1847.

24 “Dreadful Murder,” *Londonderry Journal*, 27 Nollaig 1848:2. Ba mhinic gur daoine bochta ón cheantar a bhí iontu a thacaigh le foréigean in aghaidh na dTiarnaí Talún. Féach: A. C. Murray, “Agrarian Violence and Nationalism in Nineteenth Century Ireland: the Myth of Ribbonism”. *Irish Economic and Social History*. 13, 1986: 56–73.

agus Feirmeoirí an bhaile ar a gconlán féin le ráta bochtaineachta 6d sa phunt don bhliain ar fad.²⁵


Ina ainneoin sin, in 1847 bhí daoine fós ag fáil bháis mar gheall ar an bplódú agus ar an bhfiabhras a bhí istigh i dteach na mbocht agus taobh amuigh de. De réir mar a bhí an bás ag éirí ní ba choitianta, níor caitheadh chomh maith leis na daoine a bhí beo ná leis na daoine a fuair bás, rud a d'fhág gur chuir an tUrramach W. Harvey a imní in iúl 'arís' faoin bhealach a raibh teach na mbocht ag déileáil le hadhlacthaí. Thug sé cuntas faoi 'leaid' a raibh O'Donnell air a bheith ag tabhairt córraí ar chairt i ndiaidh 1am go reilig na Leice lena gcur gan aon chápéisíocht, gaolta ná fiú sagart i láthair. Murach solas na gealaí, dar leis, ní bheadh na coirp curtha ar chor ar bith. 'An bealach ar láimhseáladh na coirp ... chuirfeadh sé déistin ort ó thaobh gach ceart agus mothú naofa ...'. Chinn Bord na gCaomhnóirí gur cheart an cleachtas a athrú, ach léirigh an freagra a thug siad go mbíodh coirp fágtha i dTeach na mBocht suas le sé lá sula ndéanfaí iad a chur.²⁶ Ní nach ionadh, thug an imirce deis do dhaoine éalú ón saol seo agus chuidigh Aontas Leitir Ceanainn le cailíní a bhí fágtha ina ndílleachta dul ar imirce chun na hAstráile idir 1848 agus 1850. Cé go raibh andifríocht idir an saol a bhí ag na cailíní thar lear agus an saol a bhí acu i dteach na mbocht ach ní gá go raibh sé raibh sé a dhath níos mealltaí. "D'fhill" roinnt dílleachtaí ar nós Fanny Duffy, as Leitir Ceanainn a bhí seacht mbliana déag d'aois, ach phós Nancy Curren, bhí páistí aici agus fuair sí bás in Ospidéal in Melbourne in 1875.²⁷ Ordaíodh boscaí do na chéad dílleachtaí agus iad ag ullmhú don aistear, agus íocadh £60 le Joseph Gallagher, úinéir an tsioipa miondíola ar an bpríomhshráid, as éadaí a chur ar fáil.²⁸ Bhí Joseph Gallagher ina bhall de Bhord na

25 Tháinig ardú ar na staitisticí coireachta agus ansin thit siad i ndiaidh an Ghorta. Féach: Cormac O' Gráda, *The Great Irish Famine*. (Cambridge: Cambridge University Press, 1995), 36-37; "Another Step Against Property and Order in Ireland," Dublin Evening Mail, 3 Nollaig 1849: 3.

26 *Miontuairisci* Bhord Caomhnóirí Leitir Ceanainn, 1847-1848, 53-57.

27 Cuimhneachán an Ghorta Mhórí Sydney. *Bunachar Sonrai na nDílleachta*.

28 *Miontuairisci* Bhord Caomhnóirí Leitir Ceanainn, 1848-1850, 15-19, 26.; *Miontuairisci* Bhord Caomhnóirí Leitir Ceanainn, 1846-1848, 80-82.



Mná agus cailíní óga agus iad liostaithe le dul ar imirce ó Theach na mBocht Bhéal Átha Seanaidh ar Scéim Earl Grey, Miontuairiscí ó chruinniú Bhord Caomhnóirí Bhéal Átha Seanaidh, 19 Lúnasa 1848.
(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

gCaomhnóirí fosta agus fuair sé íocaíocht ón Bhord chomh maith mar gur chuir sé min Indiach ar fáil do theach na mbocht.

Sa bhliain 1848, bhí éadaí olla, bonnéid agus só-earraí fós á n-iompórtáil le díol i Leitir Ceanainn.²⁹ In ainneoin chomh dona agus a bhí an Gorta, níor cuireadh as do shaol na ndaoine a bhí go maith as agus a bhí ina gcónaí i Leitir Ceanainn. Bhí cuid acu fós ag trádáil beag beann ar an gcoinbhleacht leasa a bhain le go raibh siad ina soláthróirí chomh maith le bheith ina gceannaitheoirí, fad is a bhí pionós á ghearradh orthu siúd a bhí faoina gcúram de bharr bia a ghoid. Ach tháinig athrú de réir a chéile agus faoin m bliain 1849 bhí tionchar ag an ngéarchéim ar phríomhshráid Leitir Ceanainn agus dúradh go raibh an tsráid “leathan, go minic míshlachtmhar, cuma an síomhaointis air de shíor, agus gan é gnóthach ach ar na laethanta a raibh margadh ar siúl.”³⁰

29 “Just Arrived,” *Derry Journal*, 3 Samhain 1847: 3.

30 Thomas Carlyle, *Reminiscences of my Irish journey in 1849*, (Nua-Eabhrac: Harper & Brothers, 1882) 198.

An chaoi a ndearna teach na mbocht amháin i nDún na nGall iarracht dul i ngleic leis an saol le linn an Ghorta Mhóir

D'fhág an ról a bhí ag teach na mbocht le linn an Ghorta Mhóir 1845-1851 smál a scaip níos faide ó bhaile ná na foirgnimh iad féin. Agus iad báite i gcóras a bhí docht agus an-rialta, ba mhinic gurbh iad tithe na mbocht i nDún na nGall an t-aon ábhar dóchais agus an rogha dheireanach a bhí acu siúd a bhí ag fulaingt de bharr an Ghorta. Tugann an bainistiú a bhí déanta agus cúinsí ag dul in olcas agus níos mó agus níos mó fir, mná agus páistí a bhí bocht, dearóil ag iarraidh faoisimh, léargas ar an gcaoi ar dhéileáil teach na mbocht in Inis Eoghain leis an nGorta agus é ina thus agus le linn na mblianta ba mheasa de. Chomh maith leis sin léiríonn Teach na mBocht Inis Eoghain an dearcadh a bhí ag na daoine a bhí i gceannas nuair a bhí bainistiú á dhéanamh ar na daoine bochta agus tugann sé tuiscint dúinn ag an am céanna ar an gcineál saoil a bhí acu siúd a chuaigh isteach i dTeach na mBocht.

Bhunaigh córas Dhlí na mBocht 1838 Aontas Inis Eoghain chun ionadaíocht a dhéanamh ar 21 toghroinn ina raibh 248 míle cearnach agus daonra de thart ar 43,000. Bhí cónaí orthu seo ar fheirmeacha, i bpobail iascaireachta agus i mbailte margaidh.¹ Rinne Bord tofa, ar a raibh 22 Caomhnóir, maoirseacht ar an Aontas agus thuairiscigh sé díreach go dtí Coimisinéirí Dhlí na mBocht. D'oibrigh seisear Caomhnóirí ex-officio breise ina gcomhlairleoirí de bhrí go raibh post

1 Coimisinéirí Daonáirimh na hÉireann. *Irish Census report 1841* (Baile Átha Cliath: Alexander Thom, 1843), 306-307.

áirithe nó tionchar acu. Ina measc bhí tiarnaí talún ar nós George Young as Cúil Dabhcha agus John Harvey as Halla Mhálanna, a d'oibrigh, ag amanna éagsúla mar Ghiúistís Síochána (JP), Leas-Leifteanant agus Ard-Shirriam ar Dhún na nGall.² Bhí an Captaen Thomas Metcalf agus Samuel Rankin ó Theach Tiernaleague ina nGiúistís Síochána chomh maith le bheith ina dtiarnaí talún. An t-úinéir talún mór le rá Robert Moore, a bhí ina Chléireach agus ina Chathaoirleach, bhí sé ina bhall de Choistí Fóirthiante Charn Domhnach fostá.³ Is i dTeach an Mhargaidh i gCarn Domhnach i mí na Samhna 1840 a tháinig an chéad Bhord Caomhnóirí le chéile agus thogh siad Thomas Doherty ina chathaoirleach. Ar na chéad rúin a ritheadh bhí go dtóigfaí teach na mbocht le freastal ar 600 duine bocht agus go ndéanfaí luacháil ar cheantar Inis Eoghain chun go gcuideodh lucht íoctha rátaí leis.⁴

Ar an 5 Deireadh Fómhair 1843, tógadh isteach na chéad bhochtáin, beirt pháistí, agus go gairid ina dhiaidh sin tháinig mná agus fir agus é ráite ina dtaobh seo go mba 'lucht déirce' a bhí iontu. Bhí a bhformhór níos sine, iad tinn, ina mbaintrí agus ina gCaitlicigh Rómhánacha. Ba mhinic daoine óga ag braith orthu, agus cuireadh síos orthu seo mar 'leathamadáin' nó daoine faoi mhíchumas.⁵ Is beag samhláiochta a bhain leis na béisí agus thugtaí min choirce agus bláthach dóibh le haghaidh an bhricfeasta agus an tsuipéir agus prátaí agus bláthach don dinnéar. Cuireadh arán agus im isteach leis na béisí san Otharlann agus bhíodh feoil agus leann ann don Nollaig.⁶ B'éigean do na bochtáin meas a léiriú ar an bhfoireann agus ní raibh cead a bheith ag eascainí. Dá mbeadh duine ar shiúl as teach na mbocht gan chead chuirfí ar fionraí é ar feadh míosa. Cé gur cáineadh na Caomhnóirí as a bheith

- 2 Bernard Burke, *History of the Landed Gentry of Great Britain and Ireland* (Londain: Harrison, 1879), 1:750.
- 3 *The Londonderry Standard*, 5 Feabhra, 1847, 2.
- 4 Bord Caomhnóirí Inis Eoghain, *Miontuairiscí* 1840-1845, 1-6.
- 5 Bord Caomhnóirí Inis Eoghain, *Register of People admitted to and discharged from the Workhouse, 1843-1849*, 6-9. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi ar oibrigh thithe na mbocht in Éirinn, féach: Gerard O'Brien, "Workhouse Management in Pre-Famine Ireland," *Proceedings of the Royal Irish Academy. Section C: Archaeology, Celtic Studies, History, Linguistics, Literature* 86C (1986): 115-18.
- 6 Bord Caomhnóirí Inis Eoghain, *Miontuairiscí* 1840-1845, 77, 110-12,302.

ró-bhog ó thaobh cead amach a thabhairt, bhíodh bochtáin ag éalú go minic mar gheall ar chomh dolúbtha agus a bhí an áit.⁷

I nDeireadh Fómhair na bliana 1845 bhí teach na mbocht fós ag ceannach prátaí agus ní raibh deacracht ar bith iad a fháil. Roimh 1846 níl a dhath ráite faoin dúchan a bheith go holc sna ceantair mórrhimpeall. Mar sin féin, chuaigh níos mó daoine óga agus daoine a bhí ina sláinte isteach i dTeach na mBocht an fómhar sin.⁸ Chionn is go raibh na prátaí gann mhol na Coimisinéirí do na Caomhnóirí min choirce, rís agus arán a chur ar an mbiachláir.⁹ Ní bhíodh na Caomhnóirí ar an láthair rómhinic le linn 1846 agus nuair a bhí an braon anuas ‘ba dhéine’ i ndíon theach na mbocht, chuir máistir Theach na mBocht i leith na gCaomhnóirí go raibh siad ar nós cuma liom. Mar sin féin, bhíothas fós ag iarraidh a chur ina luí ar dhaoine gan dul go teach na bocht le cuidiú a fháil agus bhí na Caomhnóirí ag iaraidh teacht ar theaghlaigh na ndaoine a bhí i dTeach na mBocht le go bhféadfaidís táille lóistín a bhaint amach.¹⁰ Faoi Mhárta na bliana 1846, tosaíodh ag ligean teaghlaigh ionmlána isteach cé nach raibh siad ar fad sa riocht céanna. Ba mhinic gur mhná iad seo a raibh suas le hochtar páistí acu nó d’fhéadfadh gur lánúin agus páiste a bheadh i gceist. D’fhreagair na Caomhnóirí go práinneach nuair a bhí baol ann ó fhiabhras nó ó thruaillí. Nuair a tugadh Bríd McGonagle a fhad leis an doras agus fiabhras uirthi dúirt John Harvey, a bhí ag feidhmiú ina Chathaoirleach, nach raibh ‘bealach ar bith ag an mátrún le fáil réidh léi’.¹¹


7 Bord Caomhnóirí Inis Eoghain, *Miontuairiscí 1845-1848*, 1-3.

8 John Thompson, *Dialann John Norris Thompson, Carn Domhnach*, 121.; Bord Caomhnóirí Inis Eoghain, Clár 1843-1845, 10.

9 Bord Caomhnóirí Inis Eoghain, *Miontuairiscí 1845-1848*, 25.; John Thompson, *Dialann*, 121-126.

10 *Miontuairiscí Bhord Caomhnóirí Inis Eoghain 1845-1848*, 46,49, 73.

11 Clár Bhord Caomhnóirí Inis Eoghain, 1843-1849, 13,14.; Bord Caomhnóirí Inis Eoghain, *Miontuairiscí 1845-1848*, 53.



Sliocht ó dhialann John Norris Thomson ina ndéanann sé cur síos ar thionchar an

Ghorta Mhór sa cheantar, Ich. 121, MIC 162

(Le caoinchead Oifig Taifead Poiblí Thuisceart Éireann)

I bhFómhar na bliana 1846 ba léir go raibh ‘an lobhadh uafásach’ in Inis Eoghain agus scaoileadh isteach grúpaí móra daoine ó na ceantair imeallacha. Tuairiscíodh go raibh daoine beo bocht agus ag fáil bháis den ocras agus go raibh mná agus páistí go háirithe i mbaol. D’ardaigh praghais an bhia go mór agus cé gur éirigh le teach na mbochtair tairiscint

a dhéanamh le haghaidh min agus min choirce Indiach, de réir mar lean an Gorta Mór ar aghaidh thosaigh praghас na min choirce ag ardú go mór.¹² I dtús ama ní raibh aon obair fhóirthiante ann do mhná agus ní raibh dóthain oibre ann do na fir. Ar chláir Theach na mBocht scríobhadh fúthu seo nach raibh siad ‘ábalta obair a fháil’. Ionas nach mbeadh galair ag scaipeadh, fostaíodh bean leis na hothair a raibh fiabhras orthu a ní agus aire a thabhairt dóibh. Cuireadh béis Indiach leis an dinnéar agus d’ordaigh na Caomhnóirí na céadta éadaí agus iad ag glacadh leis go rachadh cúinsí in olcas.¹³ Áiríodh leis an réamh-ullmhúchán sin gearradh siar ar na béisí ionas gur dhá bhéile a bheadh ann in áit trí cinn, ach bhí na Coimisinéirí den bharúil dá laghdófaí an réim bia ar an gcaoi seo go ndéanfad sé ‘díobháil’. Níor thug na Caomhnóirí aird ar bith ar an gcomhairle seo ó na Coimisinéirí agus de bhrí go raibh arán gann tugadh bláthach in éineacht leis na béisí, agus rud nár aontaigh lucht leighis leis, molás, de réir mar a d’ardaigh praghас na mine coirce. In ainneoin an fhiabhras agus bia a bheith gann, shocraigh an Bord gur cheart cuma an oird a choinneáil ar chúrsaí. Bhí oideachas á chur ar na páistí i rith an ama agus iontas na n-iontas, tháinig feabhas ar chaighdeán litearthacht na mban. Sa bhliain 1847, an bhliain ba mheasa a bhí an Gorta, d’ordaigh na Coimisinéirí do na Caomhnóirí an méid cóníochta a bhí ar fáil a mhéadú faoi aon trian.¹⁴ De réir mar a d’éisigh sé níos deacra rátaí a bhailíú ó na bochtán, thosaigh teach na mbocht ag éirí níos géire. Caitheadh amach Sally Shields nuair a thug sí leite breise go dtí an bharda a raibh a deartháir ann agus cinneadh nach raibh ceachtar acu ‘i dteideal faoiseamh i ndáiríre’. Tharla an rud céanna do Grace McLaughlin, a fear céile agus a hiníon a bhí 12 bliain d’aois.¹⁵ Nuair ba léir nach raibh an Bord ábalta a chuntais a chomhlíonadh, tháinig laghdú suntasach ar líon na mbochtán a ligeadh isteach agus thosaigh

12 John Thompson, *Diary*, 121-123.; John Canning, “Destitution in the Barony of Ennishowen,” *The Londonderry Standard*, January 8, 1847, 4.; Clár Bhord Caomhnóirí Inis Eoghain 1843-1845, 13-14, 17-29.; Bord Caomhnóirí Inis Eoghain, *Miontuairiscí 1845-1848*, 99.

13 Bord Caomhnóirí Inis Eoghain, *Miontuairiscí 1845-1848*, 101-109, 114-128, 142- 143.

14 Ibid, 156-159,174.

15 Bord Caomhnóirí Inis Eoghain, *Miontuairiscí 1845-1848*, 190-196; Clár Bhord Caomhnóirí Inis Eoghain, 1843-1849, 19.

praghais na mine coirce ag ardú de réir a chéile, nó go raibh beagnach £28 an tonna air. Fostaíodh tithe príobháideacha de réir mar a bhí níos mó cásanna den fhiabhras ann, agus cuireadh plean le chéile le haghaidh ospidéal sealadach fiabhras agus na Caomhnóirí ag iarraidh smacht a choinneáil agus cúrsaí ag dul in olcas.¹⁶ Nuair a bhí imní ar Nancy McLaughlin faoi dhuine ar a raibh galar tógálach thóg sí a cuid páistí amach as an otherlann. Ní ligfeadh an Bord di a cuid páistí a fheiceáil gan mhaoirseacht ina dhiaidh sin agus bhagair siad go gcuirfí an teaghlach ar fad as seilbh.¹⁷



Pota agus cloch ó Thigh Brachán, Reilig Charn Domhnach
(lomha: Hilary McLaughlin- Stonham)

16 Bord Caomhnóirí Inis Eoghain, *Miontuairiscí 1845-1848*, 200-202. Workhouses in Donegal were among the last to fill up in the country. See: James Grant, "The Great Famine and the Poor Law in Ulster: The Rate-in-Aid Issue of 1849," *Irish Historical Studies* 27, no. 105 (1990): 31.

17 Bord Caomhnóirí Inis Eoghain, *Miontuairiscí 1845-1848*, 210.

Bhí na Caomhnóirí de shíor ag tabhairt cásanna dlí in aghaidh bailitheoirí agus conraitheoirí rátaí de bharr nach raibh siad ag tabhairt a ndóthain isteach. Ní scaoilfí isteach aon duine a rabhthas den bharúil go raibh fiabhras air. Sa bhliain 1847 cuireadh túis le fóirithint taobh amuigh ach ní raibh mná céile ná páistí na bhfear a bhí ag teacht chucu féin ón bhfiabhras i dteideal faoisimh.¹⁸ Bhí mná agus páistí níos measa as fostá de bhrí go raibh na caomhnóirí ina nGiúistís Síochána chomh maith, rud a d'fhág go raibh siad ar an eolas faoi na himeachtaí sa chuírt áitiúil. Cuireadh an ruaig ar naonúr ban agus a gcuid páistí nuair a chinn cúirt Mhionseisiúin Charn Domhnach nach raibh siad tréigthe ach gurb amhlaidh a d'fhág siad a bhfir chéile le dul isteach i dTeach na mBocht.¹⁹ Faoi mhí Feabhra 1848 dúirt an t-oifigeach Leighis go raibh 600 bochtán i dteach na mbocht, an uasmhéid a bhí ceaptha, ach chuir sé in iúl go bhféadfadh an teach 50 duine eile a ghlacadh isteach. Stop siad ag ordú éadaí ach d'ordaigh siad an t-ábhar agus rinneadh na héadaí i dteach na mbocht. Le go mbeadh tuilleadh spáis ann tugadh ordú don mháistir 30 nó 40 bochtán, a raibh mí caite acu i dTeach na mBocht agus a bhí i dteideal fóirithint a fháil taobh amuigh, a scoileadh amach.²⁰ Ní ligfí isteach ar feadh tamaill ach daoine ar measadh go leor cabhrach a bheith de dhíth orthu. I Márt na bliana 1848 chuir na Coimisinéirí in iúl go raibh siad mí-shásta leis na Caomhnóirí agus dúradh go raibh siad faillíoch mar a bhain lena n-aird ar fad a thabhairt don Aontas.²¹ Dá bhrí sin tugadh cúntóir don mháistir, cuireadh síolta prátaí sna tailte agus tháinig feabhas éigin ar an méid bia a bhí curtha ar fáil. Faoi Dheireadh Fómhair na bliana 1848 bhí prátaí ar an mbiachlár arís. Cé gur cuireadh deireadh leis an bhfóirithint taobh amuigh nuair a d'ísligh líon na ndaoine a bhí i dteach na mbocht ó 690 go dtí 256 bhí daoine fós á iarraidh. Íslíodh tuarastail na n-oifigeach fostá ach thosaigh na Caomhnóirí ag infheistiú i dteach na mbocht, agus thugadar ordú go bpéinteálfáí na bardaí. Ní raibh na pionóis a bhí á ngearradh baileach chomh géar, agus in áit daoine a bhí

18 Ibid 242-246, 254, 348.

19 Ibid, 254.

20 Ibid, 374-377, 384.

21 Ibid, 374-388,396.

as láthair a dhíbirt b'fhéidir nach dtabharfaí aon suipéar dóibh. I mí Iúil 1849, áfach, cé go raibh ceathrar ag fáil fóirithinte taobh amuigh gach aon seachtain, tháinig ardú ar líon na ndaoine a bhí istigh i dteach na mbocht arís nó go raibh sé plódaithe.²² Faoi dheireadh na bliana 1849 bhí praghas na mine coirce tar éis titim de réir a chéile, agus tháinig teach na mbocht slán as an ngéarchéim de bharr nach raibh an oiread daoine ag fáil bháis agus nach raibh na bochtáin ag fanacht istigh chomh fada agus a bhíodh. Mar sin féin, bhí an oiread daoine agus a bhíothas ábalta a choinneáil ann i dteach na mbocht i gcónaí agus níor thit na huimhreacha sin móran go dtí 1850. Ní raibh aon éalú ón mbás le linn an ama agus bhí na rátaí bás an-ard sa bláthain 1847 agus sna chéad sé mhí de 1848. Bhí daoine scothaosta agus páistí óga a raibh cosaint de dhíth orthu ag cur fúthu i dTeach na mBocht i rith an Ghorta.²³



Reilig Gorta, Carn Domhnach
(lomha: Hilary McLaughlin-Stonham)

22 Bord Caomhnóirí Inis Eoghain, *Miontuairiscí*, 1848-1849, 3- 24,131, 136; "Inishowen Union," The Londonderry Journal, 20 Iúil 1850; 3.

23 Clár Bhord Caomhnóirí Inis Eoghain, 1843-1849, 10-250; Bord Caomhnóirí Inis Eoghain, Register of People admitted to and discharged from the Workhouse, 1849-1859, 1-78.

Sa bhliain 1850, nuair a thosaigh an Gorta ag maolú, rinne na Coimisinéirí gearán faoi go raibh na Caomhnóirí ag coinneáil bia ó dhaoine mar phionós. Léirigh freagra na gCaomhnóirí an dearcadh a bhí acu do na deich mbliana a bhí ag teacht. “Cuirtear na Coimisinéirí ar an eolas...go ngearrtar an pionós a bhaineann le gan ach leath dá chuid bia a thabhairt do dhuine bocht ... gan aon díobháil a dhéanamh dá shláinte, ach tá súil ag na caomhnóirí go bhfeabhsóidh a mhoráltacht.”²⁴

Cé go raibh teach na mbocht in Inis Eoghain ag freastal ar dhaonra de thart ar 43,000 duine, ní bhíodh sé róphlódaithe de ghnáth le linn an Ghorta Mhóir. Tharla sé seo mar gheall ar chomh dian agus bhí na critéir a bhain le dul isteach i dteach na mbocht, le go raibh cúrsaí smachta chomh géar, agus go raibh na Caomhnóirí sásta daoine bochta a scaoileadh amach cé go raibh fíor-dhrochbhail orthu. Is minic nár thug siad aird ar bith ar chomhairle na gCoimisinéirí maidir leis an mbia a bhí á chur ar fáil, níor tugadh do dhaoine ach an oiread bia a choinneodh beo iad agus gearradh pionós ar aon duine a d'aimsigh níos mó bia dó féin. Le nach mbeadh cúrsaí ina gcíor thuathail thóg na Caomhnóirí cóiríocht shealadach agus fuair siad foirgnimh ar cíos. Bhain buntáistí áirithe le gur theastaigh uathu cloí leis na rialacháin a bhí i bhfeidhm roimh an Ghorta Mór, go háirithe ó thaobh feabhas a chur ar chaighdeán litearthachta na mban. Mar sin féin, bhí praghas le híoc air seo i gcás roinnt mhaith daoine, go háirithe na mná ba mhó a bhí i mbaol agus na daoine a bhí ag brath orthu. Mar gheall ar an dearcadh a bhí ag na daoine a bhí gceannas i leith bhainistiú na mbocht, bhí Teach na mBocht ina áit a bhí dolúbtha, gan comhbhá agus é in amanna, faillíoch.

24 Bord Caomhnóirí Inis Eoghain, Miontuairiscí 1849-1852, 4.

An imirce as Dún na nGall le linn an Ghorta Mhóir

Le linn uafás an Ghorta Mhóir thosaigh i bhfad níos mó daoine ag dul ar imirce as Dún na nGall idir 1845 agus túis na 1850idí. Cuireadh túis le patrún a lean na glúnta a bhí le teacht, agus deis á fáil ag daoine tabhairt faoi shaol nua agus éalú ón bhochtaineacht. Rinne daoine áirithe cinneadh gasta dul ar imirce de réir mar a chuaigh cúrsáí in olcas. I gcás daoine eile fós, chaithfeadh tubaiste éigin tarlú a chuirfeadh iallach orthu aghaidh a thabairt ar shaol nua i bhfad as Dún na nGall seachas dul ar imirce dá ndeoin féin. Sna litreacha a seoladh abhaile bhí mothúcháin éagsúla léirithe - saol níos fearr acu ach cumha orthu ag an am céanna. Thug na tuairisci oifigiúla agus tuairisci sna nuachtáin, áfach, léargas ar cé chomh contúirteach i ndáiríre agus a bhí an t-aistear seo chuig an saol nua, chomh maith le scéal na n-inimirceach nua a insint.

Ní cinneadh éasca a bhí ann d'fhormhór na imirceach Dún na nGall a fhágáil ina ndiaidh. Bhí siad ag fágáil na líonraí fóinteacha nádúrtha a bhí acu ina dteaghlaigh, ina gcomharsana agus ina gcairde, lena n-aghaidh a thabhairt ar chríocha coimhthíocha, áit nach fálte, ach a mhalaírt, a cuireadh rompu go minic. Chuaigh an chuid is mó ar imirce dá ndeoin féin, sa mhéid is go raibh roghanna eile acu, ach bheidís ag brath ar scéimeanna oibre a bhí gann ar an bhfód go minic, ar theach na mbocht nó ar fhiachas a bhí imithe ó smacht agus an baol go gcuirfi as sealbh iad. Bhain cuid acu leas as scéimeanna na bpaisinéiri cuidithe ach i gcás daoine eile ní raibh aon rogha acu ach dul ar imirce de bharr scéimeanna eisimirce éigeantacha a bhí ag tiarnaí talún a d'úsáid an Gorta le fothionónaí a dhíbirt as a gcuid talún. Ar na tíortha ar thug siad aghaidh orthu bhí an Astráil, Ceanada, agus na Stáit Aontaithe.

Bhí línte loingseoireachta William McCorkell & Co., chomh maith le soithí de chuid J & J Cooke, ag seoladh as Doire, áit nach raibh rófhada as Inis Eoghain ná ón Iarthuaisceart. Ag sainchomharthaí thíre ar nós ‘Droichead na nDeor’ i nDún Fionnachaíd, a d’fhág siad slán go minic agus mhair na háiteanna seo sa chuimhne i dtírdhreach an Ghorta. Amach as Sligeach a théadh daoine as deisceart agus as iardheisceart Dhún na nGall in amanna, ach ba nós leo fosta dul go Glaschú nó go Learpholl ar dtús agus as sin taisteal ar bhord loinge go Meiriceá Thuaidh nó go dtí an Astráil. Bhí go leor daoine ann a bhí róbhocht agus róchráite ag an Ghorta leis an gcuid eile den aistear trasna an Atlantaigh a chur síobh agus b'éisgean dóibh dul isteach i dteach na mbocht sa Bhreatain.¹

In amanna chuir tiarnaí talún brú ar dhaoine dul ar imirce nuair nach raibh siad ábalta, nó nach raibh siad ag iarraidh, cuidí le tionóntaí a bhí ag fulaingt de bharr an Ghorta, cosúil leo siúd ar Oileán Árainn Mhór. Agus geallúint tugtha dóibh go gcuirfí soitheach ar fáil a thabharfadhl go Meiriceá Thuaidh iad, cuireadh fothionónntaí de chuid an oileáin as seilbh in 1851 nuair nach dtiocfadh leo cruthúnas ar bith a thabhairt ar a dtionóntachtaí. Chríochnaigh go leor acu suas i gCeanada ar longa cosúil leis an *Countess of Arran* a tháinig go Québec as Dún na nGall in 1851 agus 172 paisinéir stíris ar bord.²

-
- 1 Deirdre M. Mageean, “Emigration from Irish Ports,” *Journal of American Ethnic History* 13, no. 1 (1993): 6-14.; Catherine Cox, Hilary Marland, and Sarah York, “Emaciated, Exhausted, and Excited: The Bodies and Minds of the Irish in Late Nineteenth-Century Lancashire Asylums,” *Journal of Social History* 46, no. 2 (2012): 501.
 - 2 The Society of Friends, *Transactions of the Central Relief Committee of the Society of Friends During the Famine in Ireland 1846 and 1847* (Hodges and Smith: Baile Átha Cliath, 1852) 150.; “Port of Quebec, Arrived June 4,” *The Quebec Mercury*, June 5, 1851, 3.; Newspapers often recorded cabin passengers’ details but only provided numbers of steerage passengers; *The Dance of the Fishing Boats/Island Life*, Taispeántas i Músaem Dhún na nGall 2020.



Thug long paisinéirí *The Mohongo*, a seoladh in 1851, imircigh ó Dhoire go Ceanada agus Meiriceá

(© Músaem agus Bailiúchán Cartlainne Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSraitha Báin)

Sa bhliain 1847, cheadaigh Rúnaí na Breataine do na Coilíneachtaí, an tIarla Grey, saorthaisteal do theaghlaigh a bheadh ábalta a ndóthain éadaí a fháil dóibh féin, chun go mbeidís in éineacht lena bhfir chéile, a bhí tar éis a bheith i bpriosún san Astráil. Thug sé seo bealach éalaithe do mhná cosúil le Ellen Doherty a tharraing aird mar gheall ar chomh dionghbáilte agus a bhí sí maidir le dul ar imirce. Bhuail sí bóthar lena cuid páistí, Bríd a bhí 14 agus Dónall a bhí 11, gur shiúil siad ó Bhun Cranncha go Baile Átha Cliath, turas 250 km i Meán Fómhair na bliana 1849. Ní raibh siad in am don bhád agus bhí siad traochta tuirseach. Ní raibh Ellen sásta dul ar an dara bád ach ar deireadh thiart thall chuaigh siad ar bord an *St Vincent* in 1851.³ Bhí Ellen i measc ceathrar bean céile agus 16 páiste a bhí mar chuid de na hiarratais do Dhún na nGall a bhain le teaghlaigh príosúnaigh in Québec idir 1847

3 NSW Assisted Immigrant Passenger Lists, 1828-1896. Archives Australia.; *Dispatches, Emigration commissioners to Colonial Office*, 10 Eanáir 1851.

agus 1851. Ní raibh ach leath díobh seo i measc na ndaoine a tháinig isteach sa tír.⁴

I measc na bpaisinéirí eile a fuair cuidiú bhí cailíní beo bocht as tithe na mbocht ar fud an chontae, cosúil le Béal Átha Seanaidh agus Leitir Ceanainn. Faoi iasachtaí a cheadaigh Coimisiún na Talún agus na hEisimirce Coilíneach, chuidigh Boird Chaomhnóirí an Aontais le teaghlaigh ionmlána dul ar imirce, go háirithe má bhí siad tar éis tréimhsí fada a chaitheamh i dTeach na mBocht.⁵ Léirigh tuairiscí ó oifigigh na hAstráile go raibh gearáin déanta faoi ‘chaighdeán’ na n-inimirceach a cuireadh anonn as Éirinn agus go háirithe na dílleachtaí. Dúradh fúthu seo go raibh ‘drochmhianach iontu’ agus dar leis an nGníomhaire inimirce d’éisigh siad tinn sa choilíneacht.’ Chuaigh 66 duine a raibh cuidiú acu ar imirce as Dún na nGall go Sydney agus Port Phillip in New South Wales in 1848 agus ghlac an turas 107 lá ar an meán. Ba mhinic drochbhail orthu nuair a tháinig siad i dtí agus ní bhíodh na páistí gléasta go maith. Mar gheall air sin bhí daoine claonta i gcoinne na n-imirceach. Thosaigh tuairiscí ag teacht chun cinn go raibh daoine ‘doicheallach’ faoi imircigh as Éirinn a fhostú dá mbeadh oibrithe as Sasana nó as Albain ar fáil. Bhain éagsúlacht leis na jabanna a bhí ar fáil ach de ghnáth is obair dhian a bhí i gceist mar a bhí i gcás oibrithe ar fheirmeacha agus searbhóntaí tí go háirithe. I measc na slite beatha nach raibh mórán éilimh orthu bhí cléirigh, searbhóntaí do mhá agus ealaíontóirí.⁶


Bhí deiseanna i gCeanada fosta agus nuair a sheol an *Marchioness of Clydesdale* as Doire in 1847, agus 380 paisinéir ar bord, ba as Dún na

- 4 Richard Reid, “The famine is pressing each day more heavily upon them’: The emigration of Irish convict families to New South Wales, 1848-1852,” in *Poor Australian Immigrants in the Nineteenth Century*, ed. Eric Richards (Canberra: Australia National University, 1991) 95.
- 5 Robin Haines, “Indigent Misfits or Shrewd Operators? Government-Assisted Emigrants from the United Kingdom to Australia, 1831-1860,” *Population Studies* 48, no. 2 (1994): 223-47.
- 6 “Immigration Papers Relative to the Australian Colonies: In continuation of House of Commons Papers,” no. 593, July 1849, vol. 2 (London: W. Clowes & Sons, 1850) 121, 66, 55.; “Immigration Papers Relative to the Australian Colonies,” July 1852, vol. 34 (London: George Edward Eyre & William Spottiswoode, 1852) 124-131.

nGall 242 díobh. Orthu seo bhí teaghlaigh mór Timeny as Baile an tSratha i ndeisceart Dhún na nGall agus teaghlaigh níos lú, muintir Faulkner, as Rinn Uí Choigligh in Inis Eoghain. Ba in áiteanna mar seo sa bhliain 1847 a thréig imircigh a bhfeirmeacha agus a dtithe gur shiúil siad fad leis na soithigh a bhí ag fágáil Dhoire, agus gan aon chuma ar an scéal go minic go mbeidís ag filleadh abhaile.⁷ Ba mhinic tuilleadh deacrachtá roimh imircigh nuair a shroich siad Saint John, calafort New Brunswick i gCeanada. Bhí othair as Dún na nGall i measc na n-othar a cuireadh isteach in Ospidéal na nImirceach in 1847-8. Orthu seo bhí John Blaney, daichead bliain d'aois a tháinig as Doire ar an *Portland* i Lúnasa na bliana 1847. Cuireadh san ospidéal é agus dinnireacht agus fiabhras air. Sa bhliain 1848 nuair a leagadh as obair fir a bhí fostaithe ar iarnróid Cheanada mar gheall ar a laghad dul chun cinn a bhí déanta, bhí go leor acu, agus iad lag cheana féin de bharr an turais, fágtha gan aon bhealach chun iad féin a chothú.⁸

Bhí contúirt mhór ag baint leis na turais go Meiriceá agus go Ceanada. Nuair a chríochnaigh an *Virginius* a haistear ó Learpholl go Grosse Isle, Québec, sa bhliain 1847, bhí 158 as an 476 paisinéir Éireannach a bhí ar bord tar éis bháis agus bhásaithe 109 duine eile san ionad coraintín.⁹ Níor ghá d'imircigh as Dún na nGall taisteal rófhada ó bhaile le go gcuirfí drochbhail orthu. Dar le tuairisc sa *Londonderry Sentinel* nuair a chuaigh an galtán rotha, an *Londonderry*, a bhí plódaithe, ar foscadh i nDoire le linn stoirmé in 1848, thángthas ar 72 duine agus iad plúchta. Léiríonn cuntais ón ionchoisne nár coinníodh cuntas ar an méid daoine a bhí ar bord mar nár comhaireadh na páistí.¹⁰ Rinne Coimisinéirí Eisimirce cur síos ar na cúinsí a bhain le soithí chun na hAstráile, go háirithe i gcás an *Reliance* in 1850. De réir na dtuairisci,

- 7 For passenger lists out of Derry in 1847-48 see: Brian Mitchell, *Irish Passenger Lists 1847-1871*, (Baltimore, Genealogical Publishing Co., 1988); Maghtochair, *Inishowen: Its History, Traditions & Antiquities*, (Londonderry: Londonderry Journal: 1867) 174.
- 8 List of Patients at Emigrants' Hospital in Saint John; 1847-1849.; Correspondence Relating to the ship "Star" and the Railway Labour Immigrants; 1848-1849, 1853.
- 9 Phillip Harling, "Assisted Emigration and the Moral Dilemmas of the Mid-Victorian Imperial State," *The Historical Journal* 59, no. 4 (2016): 1027-8.
- 10 "The Awful Catastrophe Onboard The "Londonderry" Steamer," *The Londonderry Sentinel*, 7 Nollaig 7, 1847, 2-3.



Teaghlaigh liostaithe le dul ar imirce ó Theach na mBocht Leitir Ceanainn go Ceanana,
Miontuairiscí ó chruinníú Bhord Caomhnóirí Leitir Ceanainn 6ú Iúil 1849.

(Cartlann Chontae Dhún na nGall)

nuair a bhris an fiabhras amach, níor scaradh ó chóile na daoine a bhí
ina sláinte, iad siúd a bhí tinn agus na daoine a bhí tar éis bháis. Nuair a
fuair paisinéir bás ag an bhord sa bhialann, bhí ar dhaoine eile a mbéilí
a ithe sa spás timpeall air. Maidir le bean shingil a bhí ‘ag meascadh’ leis
na mairnéalaigh, gearradh a cuid gruaige di, cuireadh glais lámh uirthi
agus coinniodh í san ospidéal dorcha nach raibh móran aeir ann.¹¹
Ach líon soithí a bhí ag dul go Québec, Nua-Eabhrac, Philadelphia,
Glaschú agus Learpholl leathanaigh an *Londonderry Sentinel* agus iad
ag ofráil arán, min choirce nó plúr le haghaidh gach lá den turas.¹²

In ainneoin chomh deacair agus a bhí sé an t-airgead a fháil le dul ar
imirce, agus na droch-choinníolacha taistil, ní hí an fháilte chéanna
a bhí roimh na himircigh i gcónaí nuair a bhain siad ceann scriibe
amach. As na daoine a chuaigh ar imirce le linn an Ghorta Mhóir,

11 *Dispatches, Emigration Commissioners to Colonial Office, 10 Eanáir 1851.*

12 *The Londonderry Sentinel*, 6 Mártá, 1847, 3.

ní raibh cuidiú ó Aontas Dhlí na mBocht, ó eagraíochtaí carthanais príobháideacha ná ó thiarnaí talún ach ag 6-8% díobh. D'éirigh leis an gcuid is mó acu teacht ar bhealaí le híoc as an aistear agus nuair a bhí fostáiocht acu, chuir siad airgead don aistear nó ticéid réamhíoctha abhaile chuig gaolta, chomh maith le cuntais a bhí dearfach agus diúltach faoina dturas féin agus iad ag dul ar imirce.¹³ Scríobh William Dever é seo chuig a mhuintir i nDún na nGall in 1848:

“Ach bíonn an chuid is mó de na hÉireannaigh a thagann amach bocht, ní thiocfaidh leo feirmeacha a cheannach. Bíonn siad ag tochailt cairéil, ag iompar bríce agus moirtéal faoi theas na gréine, suas go dtí an ceathrú hurlár sna tithe; sa gheimhreadh ní bhíonn a dhath le déanamh acu, ach an t-airgead ar fad caite. Tá drochmheas orthu agus tugtar drochíde dóibh. Scríobhann go leor acu abhaile ag rá go bhfuil siad sona agus saibhir...¹⁴

Le linn na mblianta ba mheasa den Ghorta, 1846-1849, chuaigh 12,300 duine as Dún na nGall ar imirce trí chalafort Nua-Eabhrac. Idir 1851-54 thiocadh 16,500 eile. Bhunaigh Cumann Eisimirceach na hÉireann i Nua-Eabhrac banc taisce le go mbeadh sé níos éasca d'imircigh as Éirinn airgead a sheoladh abhaile. Ina dhaidh sin bhí an imirce mar a bheadh fáinne fí ann.¹⁵

Léiríonn litreacha a scriobh na himircigh abhaile go raibh siad imníoch faoi chúrsaí talún agus oidhreachta in ainneoin baile nua a bheith acu anois thar lear. Lean siad na cuntais ar an nGorta go díocasach agus bhí siad ar an eolas faoin dul chun cinn a bhí á dhéanamh aige i nDún na nGall.¹⁶ Rinne eisimircigh as Carn Domhnach, ar nós Rosetta Kearney, cur síos ar na deiseanna a thug a mbaile nua dóibh agus an

13 Harling, “Assisted Emigration,” 1031.

14 Dever Kerby Miller and Paul Wagner, *Out of Ireland: The Story of Irish Emigration to America* (Washington, D.C.: Elliot & Clark, 1998), 39.

15 Richard J. Purcell, “The Irish Emigrant Society of New York,” *Studies: An Irish Quarterly Review* 27, no. 108 (1938): 597; Anbinder, Tyler, and Hope McCaffrey, “Which Irish Men and Women Immigrated to the United States during the Great Famine Migration of 1846-54?” *Irish Historical Studies* 39, no. 156 (2015): 631.


16 *Letter, Hubbard, Ohio, to Mrs. Margaret White, County Donegal.; Letter, Pennsylvania to Robert Taylor: The Taylors of Shanrod Co Down, Letters from America.*

t-airgead breise a thiocfadh leo a shaothrú, agus iad fiú ábalta íoc as fiacha sa bhaile. In ainneoin athrú a bheith ar a stíl mhaireachtála, is léir ó na litreacha go raibh cumha orthu agus go raibh nuacht uathu, “Is iontach an tís seo agus is breá liom an tsaoirse atá ann ach tá mo chroí san áit ar tógadh mé.”¹⁷

Mar sin féin, ní gá gur bhain na litreacha an baile amach i gcónaí agus bhí nuachtán an *Boston Pilot* ar cheann de na nuachtáin a bhí breac le fógraí ó dhaoine muinteartha a bhí ag iarraidh teacht ar dhaoine as Dún na nGall nár fhill riamh. Chuir a deirfiúr agus a deartháir fógra isteach do Hannah Galaugher as Srath an Urláir tar éis di dul ar imirce go Illinois i 1851. Faoi 1852 níorbh fhios cá háit a raibh sí. D’fhéadfadh eisimircigh imeacht gan tuairisc dá ndeoin féin sna Stáit Aontaithe forsta. D’fhág Margaret Ann Mulgrew as Leitir Ceanainn a fear céile nuair a shroich sí St Louis in 1852. In 1865 thairg sé luach saothair \$5 ar eolas faoi cá háit a raibh sí, ‘marbh nó beo’.¹⁸ Bunaíodh carthanais de bharr an méid imirceach a bhí ag teacht isteach sa tís. Bunaíodh Ciste Faoisimh Dhún na nGall in 1858 le gaolta a thabhairt as Éirinn le bheith in éineacht lena dteaghlaigh in New South Wales. Nuair a lean an imirce ar aghaidh agus an Gorta Mór thart, thosaigh go leor daoine ag fágáil as calafoirt níos lú cosúil leis an gcalafort i mBun an Phobail agus ba ghearr go raibh Dún na nGall in iomaíocht le cuan Chorcaí mar phointeimeachta d’imircigh a bhí ag dul go Ceanada.

17 Papers of Robert Moore, Carndonagh, County Donegal, 1854-1936.

18 Boston Pilot Newspaper Wanted Advertisements. For more on those who willingly disappeared see: B. Emer O’ Keeffe, ed., *The Search for Missing Friends: Irish Immigrant Advertisements Placed in the Boston Pilot*, VII (Boston: New England Historical Genealogical Society, 1999), xii-xviii.



Litir ó Rosetta Kearney, Nashville, Tennessee, chuig Robert Moore, Baile an Teampaill, Carn Domhnach, Co. Dhún na nGall, 24 Eanáir 1856, T2799/1/3

(Le caoinchead Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann)

Thiocfadh leis an imirce go dtí tíortha ar fud an domhain obair agus caighdeán maireachtála a thabhairt do theaghlaigh agus do dhaoine aonair nach mbeadh acu i nDún na nGall le linn an Ghorta Mhóir. Bhí contúirt ag baint leis an aistear agus ba mhinic nár fhíll daoine abhaile, nó gur imigh siad gan tásc gan tuairisc. Mar sin féin, chuir sé deiseanna ar fáil,ní hamháin dóibh siúd a chuaigh thar lear, ach dá muintir sa bhaile chomh maith, i gcruth airgead nó ticéad báid. I gcás na ndaoine muinteartha a d'fhág siad ina ndiaidh, chruthaigh sé slabhra fí agus an imirce mar bhealach le héalú ón bhochtaineacht agus ón chruchachás.

Tuilleadh léitheoireachta

Cartlann Chomhairle Contae Dhún na nGall agus Acmhainní Músaeim

Annual Report of the Commissioners for Administrating the Laws for Relief of the Poor in Ireland (Alexander Thom: Baile Átha Cliath, 1843).
Bailiúchán Cartlainne Chontae Dhún na nGall, PL/1/3

Annual Report of the Commissioners for Administrating the Laws for Relief of the Poor in Ireland (Alexander Thom: Baile Átha Cliath, 1850).
Bailiúchán Cartlainne Chontae Dhún na nGall, PL/1/4.

Bord Caomhnóirí Inis Eoghain. *Miontuairisci 1840-1845*. Bailiúchán Cartlainne Chontae Dhún na nGall, BG/ 97/1/1.

Bord Caomhnóirí Inis Eoghain. *Miontuairisci 1845-1848*. Bailiúchán Cartlainne Chontae Dhún na nGall, BG/ 97/1/2.

Bord Caomhnóirí Inis Eoghain. *Miontuairisci 1848-1849*. Bailiúchán Cartlainne Chontae Dhún na nGall, BG/ 97/1/3.

Bord Caomhnóirí Inis Eoghain. *Miontuairisci 1849-1852*. Bailiúchán Cartlainne Chontae Dhún na nGall, BG/ 97/1/4.

Bord Caomhnóirí Inis Eoghain. *Register of People admitted to and discharged from the Workhouse, 1843-1849*. Bailiúchán Cartlainne Chontae Dhún na nGall, BG/ 97/3/1.

Bord Caomhnóirí Inis Eoghain. *Register of People admitted to and discharged from the Workhouse, 1849-1859*. Bailiúchán Cartlainne Chontae Dhún na nGall, BG/ 97/3/2.

Bord Caomhnóirí Leitir Ceanainn (1846). *Miontuairisci 1841-1846*.
Bailiúchán Cartlainne Chontae Dhún na nGall, BG109/1/1.

Bord Caomhnóirí Leitir Ceanainn (1847). *Miontuairiscí 1847-1848.* Bailiúchán Cartlainne Chontae Dhún na nGall, BG109/1/2.

Miontuairiscí Bhord Caomhnóirí Leitir Ceanainn (1848) *1848-1850.* Bailiúchán Cartlainne Chontae Dhún na nGall, BG109/1/3.

Coiste Fóirthinte Leitir Ceanainn (1847), *Relief Committee Minutes and Rough Minutes Book, 1847.* Bailiúchán Cartlainne Chontae Dhún na nGall, BG 109/2/1.

Murray Scarborough Receivers 7th Account Book, 1852. *Murray Stewart Collection.* Bailiúchán Cartlainne Chontae Dhún na nGall, P/2/2/2.

Bord Caomhnóirí Bhaile na nGallóglach (1847). *Report of Visiting Committee 1846-1912.* Bailiúchán Cartlainne Chontae Dhún na nGall, BG/119/3/1.

Bord Caomhnóirí Bhaile na nGallóglach (1848). *Miontuairiscí 1840-1923.* Bailiúchán Cartlainne Chontae Dhún na nGall, BG/119/1/1.

Bord Caomhnóirí Bhaile na nGallóglach (1849). *Miontuairiscí 1840-1923.* Bailiúchán Cartlainne Chontae Dhún na nGall, BG/119/1/4.

The Dance of the Fishing Boats/Island Life, Taispeántas Mhúsaem Dhún na nGall 2020. Ar fáil ag: <https://www.donegalcoco.ie/media/donegalcountyc/museum/Arranmore%20exhibition%202020.pdf> [Arna rochtain 18/06/2023].

The Trustees of Horatio Granville Steward Murray Esq. 1846. *Murray Stewart South Donegal estate survey and rentals, 1749, 1846 – 1905.* Bailiúchán Cartlainne Chontae Dhún na nGall, P/2/2/1.

An Chartlann Náisiúnta

Hayden, Charles. *Letter, Famine Relief Commission, 25 Deireadh Fómhair 1845.* Páipéir Chláraithe Oifig Phríomh-Rúnaí na Cartlainne Náisiúnta, Sraith Z: RLFC2/Z14512.

Ireland Valuation Office Field Book 4. *County Donegal.* An Chartlann Náisiúnta: 4.2321.

Prior, George. *Letter, Famine Relief Commission: Incoming Letters, 5 Lúnasa 1846.* Litreacha Isteach ón gCartlann Náisiúnta: RLFC3/1/5172.

Walker, J. C. *Letter, Famine Relief Commission: Incoming Letters, 15 Deireadh Fómhair 1846.* Litreacha Isteach ón gCartlann Náisiúnta: RLFC3/2/7/28.

Wilson, Matthew. *Letter, Famine Relief Commission, 16 Meán Fómhair 1846.* Litreacha Isteach ón gCartlann Náisiúnta: RLFC3/2/7/27.

Young, Brook. *Letter, Famine Relief Commission, 22 Feabhra 1847.* National Archives Baronial sub-series: RLFC/3/2/7/19.

Cartlann PRONI

Thompson, John. *Diary of John Norris Thompson, Carndonagh.* Oifig na dTaifead Poiblí Thuaisceart Éireann, MIC. 162.

Papers of Robert Moore, Carndonagh, County Donegal, 1854-1936, PRONI T2799/1.

Cartlann MCMS

Letter, Hubbard, Ohio, to Mrs. Margaret White, County Donegal. Mellon Centre for Migration Studies. IED 9310391.

Letter, Pennsylvania to Robert Taylor: The Taylors of Shanrod Co Down, Letters from America. Mellon Centre for Migration Studies. IED 0701102.

Cartlanna Digitith

Annual Report of the Commissioners for Administrating the Laws for Relief of the Poor in Ireland (Alexander Thom: Baile Átha Cliath, 1848). Ar fáil ag: <https://babel.hathitrust.org/cgi/pt?id=uiug.30112042672219&view=1up&seq=7> [Arna rochtain 18/03/2023].

Boston Pilot Newspaper Wanted Advertisements. Ar fáil ag: <https://search.findmypast.ie/search-world-records/boston-pilot-newspaper-information-wanted-ads> [Arna rochtain 20/07/2023].

Correspondence Relating to the ship “Star” and the Railway Labour Immigrants, 1848–1849, 1853. Provincial Secretary: Immigration Records, The New Brunswick Provincial Archives RS555. Ar fáil ag: <https://archives.gnb.ca/Irish/Databases/ImmigrationRecords/> [Arna rochtain 18/03/2023].

An Roinn Tionscail agus Tráchtála. *Population of Saorstát Éireann from 1821 to 1936.* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938), 6. Ar fáil ag: <https://www.cso.ie/en/census/censusvolumes1926to1991/historicalreports/census1936reports/census1936volume1/> [Arna rochtain 18/03/2023].

Dispatches, Emigration Commissioners to Colonial Office, 10 Eanáir 1851. CO 201/3 AJCP National Library of Australia. Ar fáil ag: <https://catalogue.nla.gov.au/search?q=Emigration+Commissioners+to+Colonial+Office> [Arna rochtain 19/06/2023].

Coimisinéirí Daonáirimh na hÉireann. *Irish Census report 1841.* (Baile Átha Cliath: Alexander Thom, 1843), 306-314. Ar fáil ag: <https://www.cso.ie/en/census/censusreports1821-2006/> [Arna rochtain 18/03/2023].

Cuimhneachán an Ghorta Mhóir Sydney. *Orphan Database.* Ar fáil ag: <https://irishfaminememorial.org/orphans/database/> [Accessed 18/03/2023].

Library and Archives Canada: Immigrants at Grosse-Ile Quarantine Station, 1832-1937. Ar fáil ag: <https://www.bac-lac.gc.ca/eng/discover/immigration/immigration-records/immigrants-grosse-ile-1832-1937/Pages/list.aspx?k=Donegal&> [Arna rochtain 18/03/2023].

List of Patients at Emigrants Hospital in Saint John; 1847-1849, Rúnaí Cúige: Taifid Inimirce, The New Brunswick Provincial Archives RS555. Ar fáil ag: <https://archives.gnb.ca/Irish/Databases/ImmigrationRecords/> [Arna rochtain 18/03/2023].

Liverpool Workhouse admissions November 1846-March 1848. Oifig Taifead Learpholl: 5 Bealtaine 1847. Ar fáil ag: <https://www.findmypast.ie> [Arna rochtain 18/03/2023].

“Immigration Papers Relative to the Australian Colonies: In continuation of House of Commons Papers uimhir 593,” Iúil 1849. Parliamentary Papers, 1849 vol.2. Londain: W. Clowes & Sons, 1850. Ar fáil ag: <https://babel.hathitrust.org/cgi/pt?id=chi.21720185&seq=9&q1=104+days> [Arna rochtain 19/06/2023].

“Immigration Papers Relative to the Australian Colonies” Parliamentary Papers, 1852 vol 34. Londain: George Edward Eyre & William Spottiswoode, 1852. Ar fáil ag: <https://babel.hathitrust.org/cgi/pt?id=chi.21720185&seq=7&q1=104+days> [Arna rochtain 19/06/2023].

New South Wales, Australia, NSW Assisted Immigrant Passenger Lists, 1828-1896. Ar fáil ag: <https://www.archives.com> [Arna rochtain 19/06/2023].

Nuachtáin

“Another Step Against Property and Order in Ireland” *Dublin Evening Mail*, 3 Nollaig 1849.

Canning, John. “Destitution in the Barony of Ennishowen.” *The Londonderry Standard*, 8 Eanáir, 1847.

“Distress in Ramelton, Letterkenny.” *Londonderry Sentinel*, 19 Nollaig 1846.

“Dreadful Murder” *Londonderry Journal*, 27 Nollaig 1848.

“Fairs in Ulster for the Current Week,” *Londonderry Journal*, 10 Aibreán, 1838.

“Inishowen Union,” *Londonderry Journal*, 20 Iúil, 1850.

“Just Arrived.” *Londonderry Journal*, 3 Samhain 1847.

“Letterkenny Union.” *Londonderry Sentinel*, 6 Eanáir 1849.

“Port of Quebec, Arrived June 4.” *The Quebec Mercury*, 5 Meitheamh, 1851.

“The Awful Catastrophe Onboard The ‘Londonderry’ Steamer.” *The Londonderry Sentinel*, 7 Nollaig, 1847.

The Londonderry Sentinel, 6 Márta, 1847.

The Londonderry Standard, 5 Feabhra, 1847.

“Wanted.” *Derry Journal*, 21 Iúil, 1840.

Foilseacháin ón Tréimhse

Burke, Bernard. *History of the Landed Gentry of Great Britain and Ireland*. 2 imleabhar. Londain: Harrison, 1879.

Campbell Foster, Thomas. *Letters on the Condition of the People of Ireland*. Londain: Chapman & Hall, 1846.

Carlyle, Thomas. *Reminiscences of my Irish journey in 1849*. Nua-Eabhrac: Harper & Brothers, 1882.

Elizabeth, Charlotte. *Letters from Ireland MDCCCXXXVII*. Nua-Eabhrac: John S. Taylor, 1843.

Inglis, Henry D. *A Journey Throughout Ireland during the Spring, Summer, and Autumn of 1834*. Londain: Whittaker & Co., 1838.

Lewis, Samuel. *A Topographical Dictionary of Ireland*. Londain: Lewis & Co., 1837.

Maghtochair. *Inishowen: Its History, Traditions & Antiquities*. Doire: Londonderry Journal: 1867.

Maguire, Canon. *Letterkenny Past and Present*. Letterkenny: Old Seminary, 1917.

Nicholson, Asenath H. *Annals of the Famine in Ireland, in 1847, 1848, and 1849*. French: Nua-Eabhrac, 1851.

The Society of Friends. *Transactions of the Central Relief Committee of the Society of Friends During the Famine in Ireland 1846 and 1847*. Hodges and Smith: Baile Átha Cliath, 1852.

Tuilleadh léitheoirreachta

Beattie, Sean. *Donegal in Transition: The Impact of the Congested Districts Board*. Irish Academic Press: Cill Dara, 2013.

Cox, Catherine, Marland, Hilary and York, Sarah. “Emaciated, Exhausted, and Excited: The Bodies and Minds of the Irish in Late Nineteenth-Century Lancashire Asylums.” *Journal of Social History* 46, uimhir 2 (2012): 500–524.

Grant, James. “The Great Famine and the Poor Law in Ulster: The Rate-in-Aid Issue of 1849.” *Irish Historical Studies* 27, uimhir 105 (1990): 30–47.

Haines, Robin. “Indigent Misfits or Shrewd Operators? Government-Assisted Emigrants from the United Kingdom to Australia, 1831–1860.” *Population Studies* 48, uimhir 2 (1994): 223–47.

Harling, Phillip. “Assisted Emigration and the Moral Dilemmas of the Mid-Victorian Imperial State.” *The Historical Journal* 59, uimhir 4 (2016): 1027–49.

Kent, J. P. “On the Decline of Marriage in Rural Ireland 1851–1911: The Role of Ecological Constraints and/or Developing Philopatry.” *Population and Environment* 23, uimhir 6 (2002): 525–40.

Lysaght, Patricia. “Perspectives on Women during the Great Irish Famine from the Oral Tradition.” *Béaloideas* 64/65 (1996): 63–130.

Mageean, Deirdre M. “Emigration from Irish Ports.” *Journal of American Ethnic History* 13, uimhir 1 (1993): 6–30.

Matheson, Robert E. “The housing of the people of Ireland during the period 1841–1901” *Journal of the Statistical and Social Inquiry Society of Ireland* 11, uimhir 83 (1902/1903): 196–212.

Miller, Dever Kerby and Paul Wagner. *Out of Ireland: The Story of Irish Emigration to America*. Washington, D.C.: Elliot & Clark, 1998.

Mitchell, Brian. *Irish Passenger Lists 1847-1871*. Baltimore, Genealogical Publishing Co., 1988.

Murray, A. C. "Agrarian Violence and Nationalism in Nineteenth Century Ireland: the Myth of Ribbonism." *Irish Economic and Social History*. 13, 1986: 56–73.

O'Brien, Gerard. "Workhouse Management in Pre-Famine Ireland." *Proceedings of the Royal Irish Academy. Section C: Archaeology, Celtic Studies, History, Linguistics, Literature* 86C (1986): 113–34.

O'Gráda, Cormac. *The Great Irish Famine*. Cambridge: Cambridge University Press, 1995.

O'Gráda, Cormac. "The Population of Ireland 1700-1900: A Survey." *Annales de Démographie Historique*, (1979): 281-299.

O'Keeffe, B. Emer., ed., *The Search for Missing Friends: Irish Immigrant Advertisements Placed in the Boston Pilot, VII*. Bostún: New England Historical Genealogical Society, 1999.

Purcell, Richard J. "The Irish Emigrant Society of New York." *Studies: An Irish Quarterly Review* 27, uimhir 108 (1938): 583–99.

Reid, Richard. "The famine is pressing each day more heavily upon them': The emigration of Irish convict families to New South Wales, 1848-1852." in *Poor Australian Immigrants in the Nineteenth Century*, edited by Eric Richards, 69–96. Canberra: Australia National University, 1991.

Tyler, Anbinder, and McCaffrey, Hope. "Which Irish Men and Women Immigrated to the United States during the Great Famine Migration of 1846-54?" *Irish Historical Studies* 39, uimhir 156 (2015): 620–42.

191

Mastor's Report:

Sir. I consider it my duty to Report forth the consideration of the Board of Guardians, that the place for interring the dead at the Workhouse does not contain a sufficient depth of earth to cover them, and that if continued much longer, serious consequences may follow.

Resolved : That an application be made to Colonel Heriot, requesting him to inform the Board of Guardians, if he would be good enough to let them have the plot of ground outside the churchyard of Ballyshannon, in which the bodies of those who died of cholera were interred; to be used as a Cemetery for the Workhouse Poor, the Guardians being prepared to pay any fair amount of rent demanded for same.

Bord Caomhnóirí Bhéal Átha Seanaidh, Miontuairiscí, 5 Meitheamh 1847,
plé faoi adhlacthaí
(Cartlann Contae Dhún na nGall)

Resolved that the Profits on House Diet 'not' only two Meals each day until further consideration and that the Scale of Dietuary be as follows from 1st December next.

Hospital Dietuary

Diet	Classes	Breakfast	Dinner	Supper	Total per day
Full Diet	Adults	0 Meal 6 oz. 1 Meal 6 oz. Bread 6 oz. Milk 12 oz.			
		B. Milk 3 pt. N. Milk 2 pt. N. Milk 2 pt. Bread 6 oz. B. Milk 3 pt. N. Milk 1 pt.			
Children		0 Meal 3 oz. 1 Meal 3 oz. Bread 6 oz. Milk 6 oz.			
		B. Milk 3 pt. N. Milk 2 pt. N. Milk 2 pt. Bread 6 oz. B. Milk 3 pt. N. Milk 1 pt.			
Half Diet	Adults	0 Meal 3 oz. Bread 6 oz. 0 Meal 3 oz. 0 Meal 6 oz.			
		B. Milk 3 pt. N. Milk 2 pt. Made into gruel. Bread 6 oz. B. Milk 3 pt. N. Milk 2 pt.			
Children		0 Meal 1 1/2 oz. Bread 3 oz. 0 Meal 1 1/2 oz. Oatmeal 3 oz.			
		B. Milk 3 pt. N. Milk 2 pt. Made into gruel. Bread 3 oz. B. Milk 3 pt. N. Milk 2 pt.			
Reduced Diet	Adults	Bread 1 lb. Bread 1 lb.			Bread 1 lb.
		N. Milk 3 pt. N. Milk 1 pt.			N. Milk 1 pt.
Poor Diet	Adults				Oatmeal 1 1/2 oz. Milk 1 pt.
	Children				N. Milk 3 pt. made into gruel.
Infant Diet	Adults	Sea 4 oz.		Sea 4 oz.	Sea 4 oz.
		Sugar 1 oz.		Sugar 1 oz.	Sugar 1 oz.
		Bread 1 lb.		Bread 1 lb.	Bread 1 lb.
		Milk 6 oz.		B. Milk 3 pt.	N. Milk 3 pt.

House Diet

